



BUNCHÚRSA CALL

pools-3
www.languages.dk

Tá POOLS-3 á mhaoiniú le cabhair ó Choimisiún na hEorpa. Léiríonn an foilseachan seo tuairimí an údair amháin, níl an Coimisiún freagrach as aon úsáid a bhainfead as an eolas atá istigh ann.



Clár Ábhar

RÉAMHRÁ.	2
Eolas i dtaobh an réamhrá ar Leabhar Cúrsa CALL.	2
Réamhrá ar Fhoghlaim Ríomhchuidithe Teangacha	2
Cúrsaí ríomhfhoghlama le haghaidh múinteoirí	3
Cineálacha ábhar/gníomhaíochtaí a bhaineann le CALL.	4
Cluichí eachtraíochta	4
Blaganna (Logaí gréasáin)	4
Ríomhchumarsáid (CMC).	7
Ceachtanna iomlánaithe	7
Tráchttaireacht/ríomhthéacsanna a cheartú/aistí/ceachtanna.	7
Crosfhocail	8
Druileanna.	8
Foclóirí leictreonacha	8
Ríomhphunanna	8
Líon isteach an bhearna	10
Aimsigh na freagraí.	10
Aimsigh an seicheamh ceart (nó abairtí trína chéile).	10
Gramadach	10
Obair i ngrúpaí – comhobair	11
Focail Theo	12
Ceachtanna éisteachta	12
Meaitseáil focal, abairtí nó pictiúr.	13
Ilrogha	13
Podchraoltaí.	13

Obair thionscadail	14
RSS (Achoimre ar Shuíomh Méith)	15
Ionsamhlúcháin	16
Fothaidil	17
Suíomhanna Líonraithe shóisialta	17
Facebook	18
LinkdIn	19
Twitter	19
Google Plus	20
Ar Scáth a chéile	20
Foghlaim thascbhunaithe	20
Vodchraoladh	20
Traenáil stór focail	21
Ceamaraí gréasáin	22
Leathanaigh Ghréasáin agus fuaim leabaithe iontu	22
Tóraíochtaí Gréasaín (WebQuests)	24
Vicithe	24
AN DÓIGH LE HÁBHAIR ANALÓGACHA A AISTRIÚ GO HÁBHAIR DHIGITEACHA	24
Cóipcheart.	24
Cóipcheart a fháil agus a chur i bhfeidhm	25
Fógraí cóipchirt	26
Ceartha eisiacha an tsealbhóra chóipchirt.	27
Úsáid chothrom agus trádáil chothrom.	27
Fuaim a chóipeáil agus a thaifeadadh.	28

Físeáin a thaifeadadh	30
Na físeáin a fhoilsiú	30
Teangacha lasachta a Theagasc do Mhic Léinn Lagéisteachta.	31
Leideanna maidir le Mic Léinn Lagéisteachta a Theagasc trí Ábhair Chlosamhairc a úsáid	32
Ábhair Chlosamhairc a Fhotheidealú	32
Áiseanna:	32
Mic léinn lagamhairc agus inrochtaineacht ábhar	33
Tairbhí a bhaineann le hinrochtaineacht Gréasáin.	33
Feistí is gníomhairí úsáideora	34
Áirítear iad seo a leanas leis na teicneolaíochtaí cumasúcháin atá ar fáil:	34
Comhairle ghinearálta agus treoirlínte ginearálta le haghaidh leathanach Gréasáin inrochtana a chruthú	35
Struchtúr ailt	35
Ceannscríbhinn: [téacs ceannscríbhinne]	39
Caighdeáin agus treoirlínte	39
Acmhainní d'Úsáideoirí	39
Acmhainní do dhearthóirí	39
Seiceálaithe inrochtaineachta Gréasáin.	40
CLILSTORE	40
Multidict.	41
Wordlink.	42
Clilstore - Comhéadan an fhoghlaimeora.	43
Bogearraí Ceapadóireachta	46

Hot Potatoes	46
Quiz ilrogha	47
Clár Quizeanna	48
Ceachtanna abairtí mí-ordaithe	49
Ceacht Crosfhocail	50
Ceacht Meaitseála (Tarraing agus scaoil)	51
Ceacht iomlánaithe	53
Cleachtaí Eile	54
AN DÓIGH LE DO CHLEACHTAÍ FÉIN AR PHÁIPÉAR A DHÉANAMH	54
Cuid samplaí d’aschur ón Tionscadal Gréasáin	54
FOGHLAIM TEANGACHA RÍOMHCHUIDITHE MAR CHUID DEN FHOGHLAIM THASCBHUNAITHE..	56
Tasc Samplach “An phlocóid sreangaithe”	59
Plean Ceachta	60

RÉAMHRÁ

Eolas i dtaobh an réamhrá ar Leabhar Cúrsa CALL

Tá nuashonrú agus méadú déanta ar an leabhar cúrsa, a chéadtiomsaigh foirne tionscadail BP-BLTM sna blianta 2002 - 2004. Na tionscadail POOLS (2005 - 2007), POOLS2 (2009-11, le cúnamh Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha na hEilvéise Theas (SUPSI)) agus POOLS3 (2013-2015) a rinne an obair seo. Is tionscadail Aistrithe Nuálaíochta (ToI) POOLS2 agus POOLS3. Tá úsáid bainte as ábhar an lámhleabhair seo ag tionscadail ToI eile.

Réamhrá ar Fhoghlaim Ríomhchuidithe Teangacha

Meabhraítear CALL (Foghlaim Ríomhchuidithe Teangacha) mar mhodh teagasctha teangacha ach ní hamhlaidh atá an scéal le fírinne. In CALL traidisiúnta, is minic a mhaítí go raibh an modh oibre bunaithe ar chur chuige iompraíoch mar atá “teagasc in-ríomhchláraithe”, áit a seiceáladh an ríomhaire ionchur an fhoghlaimora agus ansin go dtugadh sé aischothú (duais?) nó go gcuirfeadh sé an dalta i dtreo gníomaíochtaí oiriúnacha. In CALL comhaimseartha, is ar an chumarsáid agus ar thascanna atá an bhéim.

Tá ról an ríomhaire in CALL imithe ón seicheamh “ionchur - rialú - aischothú” go bainistiú cumarsáide, téacsanna, ábhar fuaime agus físeanna. Is beag duine a thuigfeadh gur ríomhaire ó cheart atá i seinnteoir DVD. Déanfaidh gléasanna amach anseo físeáin, teilifís, ábhar fuaimeanna, teileafóin, graificí, téacs agus an t-idirlíon a thabhairt le chéile mar aon aonad amháin agus tá sé seo le feiceáil sa ghlúin is úire d’fhóin chliste, gléasanna a ligeann dúinn scairteanna fóin a dhéanamh ach chomh maith leis sin a bhfuil feidhmeanna breise acu a bheadh le fáil ar ríomhaire. Déanann Wifi, gléasanna ilmheáin (físeanna/fuaimeanna) GPS agus an cumas atá acu iltascáil a dhéanamh, déanann siad cuid de na fóin seo níos cumhachtaí ná roinnt ríomhairí.

Cad é mar a bhainimid úsáid as CALL chun na teangacha sin nach labhraítear nó nach dteagasctar go forleathan a theagasc, mar shampla? Ní hé an túsphointe go suífeadh foghlaimoirí ag ríomhairí chun teanga a fhoghlaim. Is é an túsphointe ba chóir a bheith ann go mbeadh foghlaimoirí ag foghlaim na teanga agus mar chuid den phróiseas sin go suífidís ag ríomhaire nó go mbainfidís úsáid as na feidhmchláir fóin póca atá acu in amanna.

Agus é de rún agat CALL a úsáid, is tábhachtach tuiscint a bheith agat ar an dóigh a bhfoghlaimítear teangacha. Is próiseas cognaíoch atá i bhfoghlaim teangacha, i.e. is toradh í ar an dóigh a ndéanann an foghlaimoir féin próiseáil ar ionchuir teanga. Is toradh ar an phróiseas seo an méid a bhfoghlaimítear den mhórchuid agus ní mar gheall ar mhíniúcháin, ar rialacha ná mar gheall ar cheisteanna a chuireann an múinteoir, e.g. ar ríomhaire nó ar fhón cliste. Bunaithe ar an eolas atá ag an bhfoghlaimoir cheana féin ar an topaic atá idir lámha, mar aon leis an teanga féin agus an méid den teanga atá ar eolas aige/aici, déanann an foghlaimoir an t-ionchur a phróiseáil agus a chur in oiriúint don chóras teanga atá aige/aici cheana féin. Ní dhéanann an foghlaimoir eolas teanga a thairgeadh, ina áit sin, déanann sé/sí a thógáil.

Ceist amháin a bhaineann le CALL sa chianfhoghlaim/san fhoghlaim ar líne ná an taobh sóisialta de. Tá an baol ann leis an fhoghlaim ar líne nach ndéantar an taobh sóisialta a chomhlíonadh. Tá léirithe, áfach, ag roinnt cur i láthair ag comhdhála de chuid EUROCALL gurb amhlaidh a chruthaíonn ranganna cianfhoghlama tríd an fhíschomhdháil braistint láidir phobail (e.g. “The Loneliness of the Long-Distance Teacher: The Role of Social Presence in the

Online Classroom” le Tammelin Maija ó Scoil Eacnamaíochta Heilsincí, Heilsincí, an Fhionnlainn; agus “Fostering (pro)active language learning through MOO” le Lesley Shield, an Ollscoil Oscailte, Milton Keynes, an Ríocht Aontaithe).

Tugann CALL roinnt modhanna do mhúinteoirí agus d’fhoghlaimoirí, modhanna a chuideoidh leis an fhoghlaimoir teanga a fhoghlaim an uair a dhéantar iad a chomhtháthú isteach i dtimpeallacht (fhíor nó fhíorúil) teicneolaíochta fheabhsaithe.

Cúrsaí ríomhfhoghlama le haghaidh múinteoirí

Tugann CALL (Foghlaim Ríomhchuidithe Teangacha) an deis do mhúinteoirí ranganna teanga a dhéanamh níos bríomhaire agus níos mealltaí ach ní mór do mhúinteoirí bheith liteartha ó thaobh na ríomhairí de agus ní mór dóibh bheith ar a gcompord leis an teicneolaíocht chliste. Ag siompóisiam bliantúil CALICO na bliana 1993, a thit amach ar champas Choláiste William agus Mary in Williamsburg, chuir an propast fáilte roimh na rannpháirtithe leis na focail “Ní thiocfaidh ríomhairí in áit múinteoirí, ach tiocfaidh múinteoirí a bhaineann úsáid as ríomhairí ina n-áit siúd nach mbaineann úsáid astu”.

Is féidir leis na háiseanna seo a leanas cuidiú le múinteoirí dul i dtreo na litearthachta ó thaobh na ríomhairí de:

ECDL-F Ltd. Is eagraíocht í (Fondúireacht Tiomána Ríomhairí na hEorpa) a fhorbraíonn agus a sholáthraíonn réimse clár teistiúcháin do gach duine a bhfuil dúil aige in TFC (Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide).

Ceann de na cláir theistiúcháin is tábhachtaí ná ECDL/ICDL. Cuimsíonn an cúrsa seo na príomhcheisteanna a bhaineann le IT agus díríonn sé isteach ar fhorbairt na gcroiscileanna IT agus nuair a bhítear muiníneach go leor déantar na scileanna seo a chur i bhfeidhm i dtimpeallachtaí difriúla.

Is eagraíocht é ECDL-F atá réidh le riar ar riachtanais gach duine. Más tosaitheoir thú, roghnaigh bunchúrsa (Bunriachtanais ríomhairí, bunriachtanais ar líne). Más mian leat do chuid scileanna a fheabhsú, breathnaigh ar an liosta de chúrsaí atá níos soifisticiúla agus/nó níos sainiúla (dearadh ríomhchuidithe 2D, bunachair shonraí ar chéim chun cinn). Má tá riachtanais speisialta agat nó má tá aithne agat ar dhuine a bhfuil riachtanais speisialta aige/aici, tabhair cuairt ar ECDL <http://www.ecdl.org/index.jsp> le haghaidh tuilleadh eolais ar ECDL do Dhaoine faoi Mhíchumas (ECDL PD).

Dóigh eile chun scileanna TFC a thógáil nó a fheabhsú agus dóigh chun treoir úsáideach a fháil ar theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide a úsáid sa seomra ranga teanga ná cuairt a thabhairt ar shuíomh idirlín <http://www.languages-ict.org.uk> Gheobhaidh tú eolas agus comhairle anseo ar an dóigh le foilsitheoireacht deisce, fuaimeanna digiteacha, ceamaraí socra digiteacha, físeáin dhigiteacha, ilmheáin, PowerPoint, Excel agus gnéithe eile de IT a úsáid i do chuid ceachtanna teanga.

Cuireann www.ict4lt.org/en/index.htm 4 mhodúl ar fáil a phléann le riachtanais éagsúla an mhúinteora teanga a bhfuil sé de rún aige/aici nó de nós aige/aici cheana féin TFC a úsáid lena c(h)uid foghlaimoirí teanga.

Díríonn modúl 1 isteach ar bhuneolas agus ar bhunscileanna agus tugann sé introir d'úsáideoirí ar nuatheicneolaíochtaí, na buntáistí a bhaineann leo i dtaca le foghlaim agus le teagasc teangacha de, na cruá-earraí agus na bogearraí ar gá don mhúinteoir teanga bheith eolach orthu, na huirlisí téacs agus an dóigh lena n-úsáid, an tIdirlíon agus CALL (Foghlaim Ríomhchuidithe Teangacha).

Tugann modúl 2 (meánleibhéal) eolas ar mhodhanna oibre CALL (an dóigh le húsáid a bhaint as ilmheáin, as acmhainní WWW ar líne agus as líne) agus tugann sé introir ar na cláir chomhchordachta i seomraí ranga teangacha iasachta.

Cuimsíonn modúl 3 (ardleibhéal) dearadh bogearraí CALL, cruthú suíomhanna www, teicneolaíocht teangacha daonna, agus forbairt scileanna bainistíochta faoi leith atá de dhíth chun ionad ilmheán teanga a bhainistiú.

Pléann modúl 4 leis an Mheasúnú Ríomhchuidithe (CAA), rud ar féidir leis saol an mhúinteora a dhéanamh níos fusa agus níos suimiúla.

Má tá suim agat in oiliúint inseirbhíse do mhúinteoirí agus do thraenáilaithe i dteangacha Eorpacha mar dhara teanga/mar theanga iasachta tabhair cuairt ar <https://www.jyu.fi/hum/laitokset/solki/en>. Tugann an modúl, atá forbartha ag saineolaithe ó aon ollscoil Eorpach déag, tugann sé buneolas agus treoir ar TFC agus ar fhoghlaim teangacha chomh maith le comhairle ar an dóigh le TFC a chomhtháthú isteach sa phróiseas foghlama teanga.

Smaoinigh fosta ar chuairt a thabhairt ar shuíomh idirlín an tionscadail LANCELOT <http://web20erc.eu/node/148> ar ionad fíorúil oiliúna é do mhúinteoirí teanga.

Cineálacha ábhar/gníomhaíochtaí a bhaineann le CALL

Cluichí eachtraíochta

Is rólímirtí ríomhbhainistithe iad cluichí eachtraíochta ina dtugtar cásanna d'úsáideoirí a gcaithfidh siad dul i ngleic leo. Roghnaíonn úsáideoirí an méid a dhéanann siad agus cuireann siad an toradh isteach mar théacs, mar chaint (ag úsáid bogearraí aitheanta cainte) nó trí chliceáil ar roghanna. Bunaithe ar an ionchur, leathnaíonn an clár amach chuig cásanna eile nó tugann sé aischothú.

Féadann cluichí eachtraíochta bheith iontach suimiúil ag foghlaimeoirí teanga, ach ar an drochuair is beag acu atá deartha do na teangacha nach dteagasctar go forleathan. Tá sampla suimiúil Portaingéilise [Uma Aventura na União Europeia](http://nonio.eses.pt/asp/europa/index.htm), le Bean Teresa Pacheco, múinteoir de chuid ESES (Escola Superior de Educação de Santarém) le fáil anseo: <http://nonio.eses.pt/asp/europa/index.htm>

Más mian leat do chuid cluichí eachtraíochta féin a chruthú, molaimid Quandary, clár rannearraí atá le híoslódáil ó <http://www.halfbakedsoftware.com/>

Blaganna (Logaí gréasáin)

Tagann an téarma blag ó loga gréasáin agus tagraíonn sé do shuíomh idirlín a ndéantar nuashonrú rialta air le poist nua in ord croineolaíoch droim ar ais ionas go bhfuil an post is úire ar bharr an bhlag. Tugtar blagálaithe ar lucht úsáidte blaganna agus tugtar **blagáil** ar scríbhneoireacht ar son blaganna

Tá roinnt comharthaí sóirt tipiciúla ag bloganna a dhéanann an fhoilsitheoireacht ar líne iontach éifeachtach agus ilúsáideach.

Déanann soláthraithe logaí gréasáin bloganna a óstáil, dála, www.wordpress.com, www.blogger.com, www.blog.de, <http://int.blog.com> etc. agus iad saor in aisce. Níl ach cúpla céim i gceist le blog a chruthú ach tú treoracha an tsoláthraí a leanúint agus is féidir leat rogha a dhéanamh idir ceapadóireacht shingil agus ceapadóireacht iolrach.

Is féidir go mbeadh catagóirí éagsúla istigh i mblag a dhéantar a oscailt trí chliceáil.

Tá teideal agus stampa ama ar gach post ionas gur féidir leis an léitheoir tuairim a fháil ar ábhar an phoist agus ar an am ar cuireadh in airde é. Déantar é a chur i gcartlann go huathoibríoch. Is féidir poist a aisghabháil tríd an ghné chuardaigh nó trí bhrabhsáil tríd an fhéilire, ar gné choitianta eile í de chuid bloganna.

Is furasta bheith ag foilsiú nó cuireann bloganna teimpléid ar fáil nach n-éilíonn ar an bhlagálaí aon scileanna teicniúla a bheith aige. Trí chliceáil ar an fhocal 'tráchttaireacht' thíos faoin phost, is féidir leis an léitheoir a bharúil a thabhairt ar phost atá ann cheana féin.

Ní bhaineann bloganna le comhaid téacs amháin, nó is féidir aon chineál sonraí a bheag nó a mhór a chur iontu, mar atá hipearnaisc, grafaicí, cuir i láthair, scarbhileoga agus rud eile a guirfeadh múinteoirí teanga speis ann - comhaid fuaime agus físe.

Má bhíonn an ghné RSS ar fáil, is féidir le léitheoirí síntiús a ghlacadh le blog, agus cuirfear ar an eolas go huathoibríoch iad ar an toirt an uair a dhéantar aon athrú.

Má bhíonn gné Permalink ag an bhlag, is féidir URL buan, a théann chuig iontráil faoi leith nach bhfuil ar an leathanach tosaigh ach atá sa chartlann, is féidir sin a shábháil mar cheanán.

Léiríonn iomlán na ngnéithe seo a úsáidí atá bloganna i dtimpeallacht theagasctha teanga mar mheán a fhorbraíonn scileanna léitheoireachta, scríbhneoireachta agus cumarsáide.

Mar mhúinteoir teanga, b'fhéidir gur mhaith leat blog ranga a thosú a thugann an deis duit


- téacsanna léitheoireachta a chur ar fáil ar líne do dhaltaí
- ábhar breise a chur ar fáil amhail gearrthóga fuaime nó físe, íomhánna, cairteacha etc.
- acmhainní idirlín a eagrú ar son an ranga trí naisc úsáideacha a chur ar fáil
- treoracha a thabhairt, tascanna a dháileadh
- ligean do dhaltaí a gcuid scríbhneoireachta do lucht léitheoireachta is leithne a a chleachtadh
- aischothú múinteora a thabhairt
- plé idir na daltaí a spreagadh
- piarlucháil nó piarthacaíocht a spreagadh

- obair thionscadail a chur i gcrích agus tabhairt ar dhaltaí cuntas a scríobh ar an dul chun cinn a dhéanann siad
- Turgnamh a dhéanamh le húsáidí eile is suimiúla arís a bhaineann le blaganna a aimsiú...

Comhrá ar líne

Is féidir le hionaid chomhrá bheith iontach tairbheach ag an fhoghlaim teanga. Casann an t-úsáideoir ar fhoghlaimoirí eile ar líne agus is féidir leis/léi cumarsáid a dhéanamh leo trí théacs, trí chaint agus trí fhíseáin. Is furasta freastalaí comhrá a chur ar bun ach is doiligh úsáideoirí a fháil (is uaigneach bheith leat féin i seomra comhrá ;)).


Is iad na príomhfhadhbanna a bhaineann le comhráite go bhfuil easpa ábhair iontu agus gur doiligh iad a eagrú leis na teangacha nach ndéantar a theagasc go forleathan. Nuair a dhéantar iad a chur le chéile le tascanna agus le grúpaí oiriúnacha daltaí (aoisghrúpaí, suimeanna etc.), áfach, is féidir le comhráite fíorchumarsáid a spreagadh agus, nuair a leanann obair iarthaisc iad, is féidir leo foghlaim teanga a spreagadh.



Ceann de na cláir chomhrá is mó úsáid ná Microsoft Messenger. Le haghaidh tuilleadh eolais gabh chuig <http://windowlive.es.msn.com/messenger/>. Is iomaí gné úsáideach atá ag Microsoft Messenger lena n-áirítear:

Scairteanna Ríomhaire Pearsanta- go -Ríomhaire Pearsanta
Físchomhráite
Roinnt comhad
Leabhar seoltaí

Is ardán eile le haghaidh comhráite ar líne é Skype www.skype.com, trínar féidir gné darb ainm Skypecast a úsáid a ligeann d'úsáideoirí bheith páirteach i bpobal ar líne agus comhráite a bheith ann i measc 100 rannpháirtí ar a mhéad. Tá eolaire ag Skype inar féidir teacht ar chomhráite a bhaineann le foghlaim teangacha sin nó comhrá de do chuid féin a óstáil.



Is seirbhís é Friends Abroad ó Babbel.com a thugann cuidiú d’fhoghlaimoirí teanga foghlaimoirí eile a aimsiú chun comhrá a dhéanamh leo, agus tá breis agus 700.000 úsáideoir cláraithe aige ó 200 tír, féach <http://www.babbel.com/go/friendsabroad>.

Le fóin chliste is féidir comhrá a dhéanamh le “WhatsApp” agus “Line”.

Ligeann WhatsApp <http://www.whatsapp.com/> d’úsáideoirí téacs, pictiúir agus gearrthóga físe a mhalartú, chomh maith le grúpaí comhrá a chur ar bun. Is féidir an rud céanna a dhéanamh le “Line” <http://line.me/en/> sin agus scairteanna saor ina aisce a dhéanamh.

Ríomhchumarsáid (CMC)

Is réiteach gutha gréasánbhunaithe é Wimba a éascaíonn agus a spreagann teagasc, comhoibriú, cóitseáil agus measúnú. Tacaíonn sé le stíleanna traidisiúnta cumarsáideacha i leith foghlaim teangacha trí mhodhanna iolracha a thabhairt do dhaltáí le bheith ag caint, ag scríobh agus ag éisteacht le teangacha iasachta- agus an t-iomlán ar líne http://www.wimba.com/products/wimba_voice

Ceachtanna iomlánaithe

Tá eachtanna iomlánaithe cosúil leis an chleachtadh traisiúnta de bheith ag líonadh isteach na mbearnaí ach i gceacht iomlánaithe is go huathoibríoch a roghnaítear na focail atá le baint (e.g. gach 5ú focal). Is gníomhaíocht í seo is furasta agus is gasta a chruthú le Hot Potatoes (feidhmchlár atá le híoslódáil saor in aisce ag <http://hotpot.uvic.ca/>).

Tráchtairacht/ríomhthéacsanna a cheartú/aistí/eachtanna.

Nuair a chuireann foghlaimoir téacs isteach go leictreonach, is droch-chleachtadh atá ann é a phriontáil agus do bharúil a thabhairt air leis an pheann dearg seanaimseartha. Is réiteach

fíordhigiteach atá ann nuair a chuireann an múinteoir moltaí isteach sa téacs le próiseálaí focal nó le peann táibleid. Is féidir teacht ar shampla de chlár trínar féidir tráchtairacht a dhéanamh ar théacs ag: <http://www.cict.co.uk/software/markin/index.htm>. Is féidir an clár seo a chur in oiriúint do theangacha difriúla

Sampla eile ná Grademark, http://turnitin.com/en_us/features/grademark. Is féidir, le Grademark, obair uile an fhoghlaimora idir fhíseáin nó chomhaid fuaime a ghrádú ar líne.

Is seirbhís néalríomhaireachta é Kung Fu Writing <http://kungfuwriting.com/> a ligeann duit obair a ghrádú agus is féidir leat do chuid moltaí a barúlacha le comhfhoghlaimoirí.

Crosfhocail

Is minic a chuireann foghlaimoirí suim sna crosfhocail agus, nuair a dhéantar iad a chruthú as focail a bhfuil foghlaimoirí i ndiaidh a bheith ag obair leo is uirlis mhaith le haghaidh ceachtanna iarthaisc iad. Is gníomhaíocht í seo is furasta agus is gasta a chruthú le Hot Potatoes (feidhmchlár ata le híoslódáil saor in aisce ag <http://hotpot.uvic.ca/>). Le Hot Potatoes féadann foghlaimoirí ceachtanna a chruthú dá chéile.

Druileanna

Ba ghné choitianta iad druileanna cleachta ar fhocail aonaracha nó ar struchtúir na sprioctheanga sna teanglanna analógacha. Is féidir leis an chuid is mó de theanglanna digiteacha freastal ar an chineál seo gníomhaíochta agus múinteoirí anois ábalta a gcuid ábhar féin a chruthú go furasta ó chomhaid Mp3 atá acu cheana féin.

Foclóirí leictreonacha

Is úsáideach na foclóirí leictreonacha ag lucht foghlama teangacha nach dteagashtar go forleathan. Tá roinnt samplaí ann d'fhoclóirí atá saor in aisce nó ina ranearraí ar an idirlíon. Dhá shuíomh idirlín atá úsáideach agus tú ag iarraidh teacht ar fhoclóirí ar líne, go háirithe i dtaca le teangacha nach ndéantar a theagasc go forleathan ná:

<http://multidict.net/multidict>

<http://reference.yourdictionary.com/languages.html>

<http://www.lexilogos.com/>

(Is féidir leat Multidict a scor agus dul chuig suíomh idirlín an fhoclóra féin ach clliceáil ar “ESC”.) Modhanna eile atá ann ná cuardach Google a dhéanamh le haghaidh “foclóir Rómáinis -Iodáilis” mar shampla, nó dul chuig leathanach Wikipedia faoin teanga.

Ríomhphunanna

Is féidir le punann leictreonach, ar a dtugtar ríomhphunann nó punann dhigiteach bheith ina cnuasach simplí d'obair ar dhiosca nó sa leagan is sofaisticiúla, suíomh idirlín foghlaimora áit a gcuireann sé/sí a rogha píosaí oibre ar fáil. Is féidir go mbíonn cuid den obair seo idir lámha go fóill agus léirítear an próiseas foghlama dá thairbhe sin.

San oideachas, tagraíonn punann do chnuasach pearsanta eolais a dhéanann cur síos agus a thugann cuntas scríofa ar éachtaí agus ar fhoghlaim duine. Tá réimse punann ann ó logaí foghlama go cnuasaigh shínte d'fhianaise ar éachtaí. Is iomaí feidhm atá ag punanna, mar atá creidiúnú réamhthaithe, cuardach post, forbairt ghairmiúil leanúnach, agus teastasú inniúlachta.

Is é an smaoineamh oideolaíoch go n-éiríonn foghlaimeoirí feasach ar an stíl foghlama s'acu féin, rud a chuidíonn leo na gníomhaíochtaí cearta a roghnú agus foghlaim thorthúil a dhéanamh. Is féidir punanna a úsáid le foghlaimeoirí a mheasúnú. Léigh alt le Tim Caudery ar mheasúnú punainne anseo:

<http://inet.dpb.dpu.dk/infodok/sprogforum/Espr11/caudery.html>

Is féidir blaganna (féach an ceannteideal blaganna) a úsáid fosta mar phunanna.

Tá bogearraí saor in aisce ann a d'fhéadfaí a úsáid mar ríomhphunanna, e.g.

www.portfoliogen.com/ agus Confolio: <http://www.confolio.org/>

Tá cnuasach de theimpléid phunainne le híoslódáil ó:

<http://www.uwlax.edu/soe/portfolio/ugportfoliotemplates.html>

Is féidir timpeallachtaí fíorúla foghlama (VLE) dála Córas Bainistithe cúrsa Moodle

<http://moodle.org/> a úsáid le haghaidh punann.

Is feidhmchlár cur i láthair gréasánbhunaithe é Prezi a bhaineann úsáid as canbhás singil in áit sleamhnáin thraidisiúnta. www.prezi.com Cuirtear téacs, íomhánna, físeáin agus rudaí eile a bheadh i gcur i láthair isteach ar an chanbhás gan teorainn agus déantar iad a ghrúpáil le chéile i bhfrámaí. Ligeann an canbhás don úsáideoir cuir i láthair neamhlíneacha a chruthú áit ar féidir le húsáideoirí zúmáil isteach agus amach as léarscáil amhairc.


Is féidir Prezi a úsáid díreach ó bhrabhsálaí gréasáin (e.g. Firefox, Internet Explorer, Chrome, Safari) agus gan feidhm ort rud ar bith a shuiteáil, sin nó is féidir é a shuiteáil (Prezi Desktop) le gur féidir é a úsáid gan rochtain idirlín a bheith agat.

Trí Prezi a úsáid ó bhrabhsálaí idirlín, is féidir leat:

- Cuir i láthair a roinnt le bheith ag comhoibriú le daoine eile.
- Do chuid cur i láthair a sheoladh agus iad a thaispeáint do dhaoine nach n-úsáideann Prezi.
- Logáil isteach ó aon ríomhaire, do chuid cur i láthair a fháil agus a bheith ag obair orthu

Trí Prezi Desktop a úsáid, is féidir leat:

- Bheith ag obair ar do chuid cur i láthair gan rochtain idirlín.
- Comhaid mhóra mheán a chur isteach.
- Cuir i láthair a uaslódáil chuig Prezi.com.



Is féidir na cuir i láthair a roinnt ar ardáin bhlagála dála Scoop.it! www.scoop.it Is uirlis éifeachtach í seo ar son forbairt ghairmiúil, a spreagann daoine le freagracht a ghlacadh agus torthaí a gcuid gníomhaíochtaí gairmiúla féin a léiriú. Is féidir an uirlis seo a úsáid le próifíl a chruthú, tionscadail, éachtaí, agus pleananna don todhchaí a chur i láthair chomh maith le ríomhphunanna a chruthú.

Líon isteach an bhearna

Bíonn an t-úsáideoir ag obair le téacs a bhfuil cuid de na focail bainte amach as faoi reir critéir faoi leith (focail úra, foirmeacha briathra, réamhfhocail etc.), agus ní mór don úsáideoir focail oiriúnacha a aimsiú leis an cheacht a chur i gcrích. Is gníomhaíocht í seo is furasta agus is gasta a chruthú le Hot Potatoes (feidhmchlár atá le híoslódáil saor in aisce ag <http://hotpot.uvic.ca/>).

Aimsigh na freagraí

Tugtar ceist don fhoghlaimoír agus cuardaíonn sé an freagra i gcáipéisí, i bhfíseáin, agus i bh-fuaimeanna ag úsáid an idirlín, CD-ROManna, DVDanna nó córais stórála sonraí atá cosúil leo. Is féidir na freagraí a chur i láthair ansin don mhúinteoir/don rang ar dhóigheanna éagsúla. Nuair a éiríonn an ceacht “aimsigh na freagraí” níos mionsaothraithe, déantar toisc ghréasáin de (léigh níos mó san iontráil ar Thoisic Ghréasáin).

Aimsigh an seicheamh ceart (nó abairtí trína chéile)

Sa gníomhaíocht seo déantar abairt nó scéal a ghearradh ina bpíosaí agus ní mór don úsáideoir iad a athordú chun an abairt nó an scéal a athdhéanamh. Is gníomhaíocht í seo is furasta a chruthú le Hot Potatoes.

Gramadach

Níl ach cúpla clár gramadaí ann le haghaidh na dteangacha nach dteagasctar go forleathan agus is minic a dhéanann siad ceachtanna a bheadh istigh i leabhar a thabhairt isteach chuig

ríomhaire, agus gan mórán ratha orthu. Is féidir suíomh VISL <http://visl.sdu.dk/>, a mholadh, áfach. Seasann VISL do “Visual Interactive Syntax Learning (Amharc-Fhoghlaim chomhréire idirghníomhach)” agus is tionscadal taighde agus forbartha atá ann de chuid Institiúid Teanga agus Chumarsáide (ISK), Ollscoil na Danmhairge Theas (SDU), Campas Odense. Tá baill foirne agus mic léinn ISK ag dearadh agus ag cur i bhfeidhm uirlisí gramadaí ar an idirlíon ar son oideachais agus taighde ó bhí Meán Fómhair na bliana 1996 ann.

Bhí ceithre theanga san áireamh i dtús an tionscadail: An Béarla, an Fhraincis, an Ghearmáinis agus an Phortaingéilis. Is iomaí teanga eile atá tagtha isteach sa tionscadal ó shin - mar atá le feiceáil san fhás atá ar líon na n-iontrálacha ar an liosta teangacha.

Tá na “huirlisí” seo a leanas le fáil ó VISL:


Taifeach Gramadaí (abairtí réamhanailísithe agus uathpharsáil innill)
Cluichí agus tráthanna ceisteanna (tástáil ranganna focal agus topaicí gramadaí eile)
Cuardach Corpas (rochtain ar an BNC agus Corpais teanga eile)
Aistriúchán Uathoibríoch

Má dhéanann tú rochtain ar cheann de theangacha VISL tríd an leathanach iontrála, fiafrófar duit “Cén Uirlis VISL atá tú ag iarraidh a úsáid?”. Gheobhaidh tú roghanna éagsúla le haghaidh gach teanga.

Obair i ngrúpaí – comhobair

Is inspreagthóir láidir í timpeallacht ghrúpa agus is mór an tacaíocht í don fhoghlaim. Imríonn dearadh ranga a éascaíonn comhobair agus comhthascanna tionchar díreach ar inspreagadh an fhoghlaimora chun bheith ag staidéir. Ar leibhéal na dinimice ranga, is fianaise iad foghlaimoirí a bhíonn ag obair i ngrúpaí ar an aistriú ó oideachas múinteoirí na go hoideachas foghlaimoirí. Tá an múinteoir mar a bheadh treoraí ann, a dhéanann monatóireacht ar obair an ghrúpa agus a thugann freagracht na foghlama don fhoghlaimoir féin.

Is seirbhísí stórála agus sioncronaithe comhad iad Google Drive www.google.com and Dropbox www.dropbox.com a tháirgeann néalstóráil agus comhroinnt comhad. Is mar chuid de Google Drive atá Google Docs, foireann feidhmchlár a thairgeann cur in eagar cáipéisí, scarbhileog agus cur i láthair i gcomhar. Ní mór cuntas Google a oscailt le tosú ar na feidhmchláir a úsáid.



Is féidir na huirlisí seo a thaiscéaladh ar dhóigheanna éagsúla i gcomhthéacsanna oideachais lena n-áirítear bainistíú ranga, comhfhreagras le foghlaimeoirí, obair thionscadail agus obair i ngrúpaí. Is féidir le foghlaimeoirí bheith ag comhoibriú ar cháipéisí i ngrúpaí agus is féidir leo smaointe agus eolas a roinnt. I suíomh an tseomra ranga, ní mór go mbeadh fáil ar ríomhaire ag gach foghlaimeoir sin nó go mbeadh ríomhaire amháin ar a laghad ann le haghaidh gach grúpa foghlaimeoirí.

Mar gheall ar a chosúla atá siad le huirlisí próiseála cáipéisí eile, is furasta feidhmchláir Google a úsáid agus tá cuid mhór tacaíochta ar fáil le n-áirítear ábhair theagaisc ó Google. Is é an buntáiste is mó atá leo gur féidir le roinnt úsáideoirí rudaí a chur in eagar sna comhaid chéanna go comhuaineach. Tá smacht iomlán ar an cháipéis ag an bunchruthaitheoir agus is féidir leis cead rochtana a thabhairt nó a shéanadh d'úsáideoirí eile.

Focail Theo

Ní ceacht nó gníomhaíocht atá ann seo ach tá sé úsáideach go fóill féin ag an fhoghlaimoír teanga. I dtéacs, is féidir focail thábhachtacha agus nótaí cultúrtha a nascadh le míniúcháin oiriúnacha agus aistriúcháin. Is féidir focail theo a dhéanamh le bunús na bpróiseálaithe focal.

Is féidir leathanaigh ghréasáin a chruthú inar focail theo gach uile fhocal agus iad nasctha le foclóirí ar líne. Is féidir TextBlender a úsáid le leathanaigh ghréasáin mar seo a chruthú; is clár é seo a dhéanann aon téacs a thiontú ina cháipéis HTML ina ndéantar gach focal a nascadh le foclóir ar líne go huathoibríoch, rud a fhágann nach bhfuil le déanamh ag an fhoghlaimoír ach cliceáil ar an fhocal le cuidiú a fháil. Is féidir físeáin agus graificí a úsáid in Textblender.

Níl de dhíth le téacs a thiontú ach ceannlíne, agus ansin treoir ghairid don úsáideoir deiridh agus ansin déantar an téacs a ghreamú isteach san fhuinneog téacs agus cliceáil ar “easphórtáil” ina dhiaidh sin. Tá an clár seo ar fáil ó <http://www.languages.dk/tools>.



Ceachtanna éisteachta

Sa gníomhaíocht seo bíonn an ríomhaire ann in áit an tseinnteora téipe. Is minic a dhéantar gníomhaíochtaí eile dála ceachtanna ilroghnacha a úsáid in aonacht leo lena sheiceáil cé acu a thuigeann an foghlaimoír an t-ábhar nó nach dtuigeann.

Meaitseáil focal, abairtí nó pictiúr

Is féidir leis an ghníomhaíocht seo bheith iontach úsáideach le haghaidh cuspóirí éagsúla, ar son traenáil stór focal go fiú, áit a ndéanann an foghlaimeoir focail a tharraingt chuig na pictiúir atá ag freagairt dóibh. Is furasta agus is gasta is féidir an ghníomhaíocht seo a chruthú trí úsáid a bhaint as bogearraí Hot Potatoes.

Ilrogha

Tá an cineál seo ceachta iontach úsáideach chun seiceáil ghasta a dhéanamh ar thuiscint an fhoghlaimeora ar an eolas a thugtar trí fhuaimneanna, trí théacs nó trí fhíseáin etc. Is furasta an ghníomhaíocht seo a chruthú trí úsáid a bhaint as bogearraí “Hot Potatoes”.

Podchraoltaí

Is modh atá sa phodchraoladh chun comhaid ilmheán a dháileadh tríd an idirlíon ag úsáid “RSS” nó formáidí “sindeacáitithe Adamhacha” Ligeann seo don úsáideoir na comhaid sin a sheinm ar aon ríomhaire pearsanta nó ar aon ghléas soghluaiste, dála IPod Apple. (<http://www.apple.com>). Má dhéanann tú podchraoladh, is podchraoltóir thú. Tá dóigheanna eile ann le hilmheáin a dháileadh ar an idirlíon, ach tá gnéithe speisialta ag podchraoltaí RSS, lena n-áirítear úsáid sindeacáitithe, a chiallaíonn gur féidir le daoine síntiús a ghlacadh leis an suíomh a dheanann podchraoltaí agus cuirfear ar an eolas iad go huathoibríoch nuair a bhíonn podchraoladh úr ar fáil.

Gné úsáideach eile de chuid podchraoltaí go mbaineann siad úsáid as caighdeáin oscailte, dála mp3 ar son fuaimeanna agus mp4 ar son físeán (Vodchraoladh), rud a fhágann gur féidir le cuid mhór gléasanna iad a sheinm. Tá idir bhogearraí saor in aisce agus bhogearraí tráchtála ar fáil chun podchraoltaí a chruthú agus a sheinm agus tá rogha agat maidir leis an dóigh leis an teicneolaíocht a dhéanamh éifeachtach i do thimpeallacht teagaisc féin.

Tá an múnla seo le haghaidh ilmheáin a scáipeadh imithe ó fhuaimneanna amháin go físeáin fosta, rud ar a dtugtar Vodchraoladh. Tá sé seo rud beag níos casta a chruthú ná podchraoladh ach go fóill féin tá sé measartha furasta.

Baineann cuid mhór daoine úsáid as podchraoltaí agus as vodchraoltaí ina gcuid timpeallachtaí teagaisc. Mar gheall ar an ghné ilmheán, tá feidhm fhollasach CALL aige. Agus trí sheinnteoirí mp3 a úsáid a ligeann duit bheith ag taifeadadh fosta, dála an IPod le micreafón Griffen ITalk, is féidir le do chuid daltaí a gcuid cainte féin a thaifeadadh agus fuaimeanna digiteacha a chur isteach le haghaidh measúnú nó le haghaidh obair i ngrúpa le daltaí eile.

Déanann an BBC dhá “phodchraoladh” go speisialta le haghaidh foghlaimeoirí Gàidhlig ar: http://www.bbc.co.uk/scotland/alba/foghlam/learn_gaelic/an_litir_bheag/index.shtml; agus http://www.bbc.co.uk/scotland/alba/foghlam/learn_gaelic/litir/index.shtml. Tá íoslódálacha Mp3 de chláir raidió mar aon le tras-scríbhinní den chlár le nótaí agus tráchtanna.

Is féidir teacht ar roinnt nasc chuig podchraoltaí agus ailt ar phodchraoltaí ach dul chuig suíomh idirlín POOLS www.languages.dk nó blag Pools: <http://www.weblogs.uhi.ac.uk/pools/?p=59>

Féach fosta <http://en.wikipedia.org/wiki/Podcasting>

Is féidir teacht ar roinnt podchraoltaí sa Chatalóinis ag <http://www.tv3.cat/alacarta/podcast>

Cuireann stáisiún náisiúnta Gaeilge na hÉireann, Raidió na Gaeltachta, cartlann ar fáil de chlár a craoladh cheana féin agus tá áis síntiúis aige fosta ag <http://www.rte.ie/rnag/podcasts/>

Obair thionscadail

Ní feidir leis an teagasc/fhoghlaim théacsbhunaithe riar go cuimsitheach ar gach riachtanas foghlama. Tugann Glogster www.glogster.com an deis chun foghlaimeoirí a dhéanamh gníomhach go héifeachach i gcruthú téacsanna agus i gcuardach ábhar breise, rud a chothaíonn obair foirne agus comhoibriú le cairde ranga. Cuidíonn seo chun cumas na bhfoghlaimeoirí a fhorbairt chun machnamh criticiúil a dhéanamh ar a n-eispéireas foghlama teanga féin.



Is féidir le húsáid Glogster cuidiú le foghlaimeoirí chuno:

- a gcuid scileanna scríbhneoireachta a fheabhsú
- cruthaitheacht a léiriú
- a gcuid pearsantachtaí féin a chur in iúl.
- am agus dúthracht a chaitheamh ag déanamh taighde ar cheisteanna/ar thopaicí.
- iad a dhéanamh gníomhach i bpróisis idirghníomhacha foghlama.
- atreisiú a dhéanamh ar naisc idir damhna múinteora-foghlaimeora-ceachta agus an chumarsáid a fheabhsú.
- leisce a bhaineann le scileanna táirgiúlachta a shárú. Is fíoras cruthaithe é gur fearr le roinnt foghlaimeoirí a scéalta digiteacha a thaifeadh in áit iad a léamh amach ós ard.
- plé sa seomra ranga a chur chun cinn, feasacht phobail, feasacht dhomhanda, agus nasc idir an méid a dhéanann foghlaimeoirí sa seomra ranga agus sa phobal is leithne.

Baineann an uirlis seo úsáid as fuaimeanna agus as físeáin le tacú le táirge digiteach téacsbhunaithe an fhoghlaim a chur chun cinn agus cruthaítear torthaí gairmiúla a dtig leis an


fhoghlaimeoir bheith brodúil as iad a thaispeáint fiú má bhíonn a c(h)uid scileanna scríofa teoranta. Cuireann an fhormáid shuimiúil atá aige le hinspreagadh an fhoghlaimeora teangacha a fhoghlaim trí uirlis ghníomhach foghlama a úsáid.

RSS (Achoimre ar Shuíomh Méith)

Is cnuasach d'fhormáidí fothaí gréasáin atá in RSS a mbaintear úsáid astu go minic chun ábhar digiteach a nuashonrú, dála blaganna, fothaí nuachta nó podchraoltaí.

Baineann úsáideoirí ábhar RSS úsáid as cláir ar a dtugtar 'léitheoirí' fotha nó 'comhlánóirí'. Glacann an t-úsáideoir 'síntiús' le fotha trí nasc a thabhairt don léitheoir chuig an fhotha; thig leis an léitheoir, an uair sin, na fothaí a bhfuil síntiús ag an léitheoir leo a sheiceáil lena fháil amach ar cuireadh leis na fothaí sin ón uair dheireanach a rinneadh seiceáil agus más amhlaidh atá, thig leis ábhar a aisghabháil agus a thaispeáint don léitheoir.

Sampla de léitheoir fotha is féidir a mholadh ná "Omea Reader 2.2", atá le híosódáil soar in aisce ó: <http://www.jetbrains.com/omea>



Is minic a bhíonn fothaí gréasáin le fáil ar mhórshuíomhanna agus ar chuid mhór mionsuíomhanna. Ligeann cuid de na suíomhanna gréasáin do dhaoine rogha a dhéanamh idir formáidí fotha gréasáin RSS nó Adamhacha; tugann cuid eile RSS nó Adamhach amháin.

Tá cláir RSS-feasacha ar fáil le haghaidh córais oibriúcháin faoi leith. Cruthaítear léitheoirí agus comhiomlánóirí ar thaobh an chliant mar chláir shaorsheasmhacha nó mar shínte ar chláir atá ann cheana féin dála brabhsálaithe gréasáin nó léitheoirí Ríomhphoist. Tá tacaíocht chomhtháite le haghaidh fothaí RSS ag cuid mhór brabhsálaithe. Tá feidhmchláir eile ann fosta atá ábalta fothaí RSS a thiontú isteach i roinnt alt Usenet, atá inamhairc tríd na príomh-bhogearraí léitheoirí nuachta dála Mozilla Thunderbird nó Forté Agent.

Níl bogearraí ar bith le suiteáil chun comhiomlánóirí nuachta agus léitheoirí fotha gréasáin a úsáid agus cuireann siad fothaí an úsáideora ar fáil ar aon ríomhaire a bhfuil ceangal idirlín aige. Déanann cuid de na comhiomlánóirí fothaí gréasáin atá ann cheana féin a chomhcheangal le fothaí úra a chruthú, e.g. ag tabhairt gach rud a bhaineann le cúrsaí peile ó roinnt fothaí spóirt agus fotha úr peile a chur ar fáil. Tá innill churdaigh ann fosta le haghaidh ábhair atá foilsithe trí fhothaí gréasáin dála Bloglines.

Ar leathanaigh Ghréasáin, is gnách go mbíonn fothaí gréasáin (RSS nó Adamhach) ceangailte leis an fhocal 'glac síntiús', dronuilleog fhlanbhuí, nó leis na litreacha. Foilsíonn cuid mhór comhiomlánóirí nuachta dála MY Yahoo! [1] cnaipí síntiúis le húsáid ar leathanaigh Ghréasáin chun é a dhéanamh níos fusa cur le líon na bhfothaí nuachta. (Féach fosta: <http://en.wikipedia.org/wiki/RSS>)

Ionsamhlúcháin

Tá difear idir ríomh-ionsamhlúcháin nó ionsamhlúcháin ar líne agus rólimirtí mar go bhfuil na gníomhaíochtaí a dhéantar san ionsamhlúchán fíor in ait bheith ag ligean orthu go bhfuil. Is féidir gur ríomhphoist, nó SMS guthán póca nó cláir chomhrá etc. a bheadh sna huirlisí le haghaidh ríomh-ionsamhlúcháin. Is é an buntáiste atá le ríomh-ionsamhlúcháin gur féidir gurb as tíortha difriúla do na rannpháirtithe. Is é an míbhuntáiste atá le hionsamhlúcháin shofaisticiúla go bhfuil scileanna arda ríomhaireachta de dhíth le hiad a úsáid.

Is sampla de ríomh-ionsamhlúchán é Airport is féidir le foghlaimeoirí a bhfuil leibhéal A1-A2 acu (Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha) a úsáid. <http://www.languages.dk/methods/airport.html>. Is féidir an t-ionsamhlúchán a chur ar bun i ngrúpaí de thriúr nó de chúigear foghlaimeoirí (más lú ná cúigear atá sa ghrúpa, beidh ar roinnt foghlaimeoirí níos mó ná próifil amháin a bheith acu san ionsamhlúchán). Tá an t-ionsamhlúchán le tuiscint uaidh féin; tugtar téacs do gach foghlaimeoir agus próifil phearsanta dóibh; déanann an foghlaimeoir léitheoireacht agus tugann sé eolas do bhaill eile an ghrúpa ar an ábhar. Tá na téacsanna ar fáil in ocht dteanga. Tá leaganacha Béarla na gcúig phróifíl ar fáil ar líne agus gach focal iontu nasctha le foclóirí i mbreis agus 100 teanga: <http://multidict.net/cs/939>, <http://multidict.net/cs/938>, <http://multidict.net/cs/937>, <http://multidict.net/cs/936>, agus <http://multidict.net/cs/935>

A luaithe a bhíonn gach ball den ghrúpa eolach ar an eolas a thugtar, bíonn rath an ghrúpa san ionsamhlúchán ag brath orthu an t-eolas a leanúint agus straitéis mar is ceart a bheith acu. Níor cheart go mbeadh cead cainte ag na foghlaimeoirí ina gcuid teangacha féin i rith an ionsamhlúcháin. Tá 81 chearnóg léarscáile de dhíth ar na foghlaimeoirí leis an ionsamhlúchán a chur ar bun. Tá uimhir i mbarr gach cearnóige agus is ionann na cearnóga agus codanna de

léarscáil talún. Thig leis an fhoghlaimoir dul trasna na léarscáile ach cearnóga a roghnú; nuair a dhéantar cearnóg a roghnú tiontaíonn an foghlaimoir an chearnóg leis an bhunéadan ar a bhfuil an t-eolas a fheiceáil.

Fotheidil

Is úsáideach an uirlis iad fotheidil agus feidhm níos leithne acu na mar a shílfeadh daoine de chéadair, e.g. le cuidiú le daoine bodhra a bhíonn ag obair le físeán. Is cuidiú breise atá sna fotheidil fosta le haghaidh foghlaimoirí teanga a bhíonn ábalta éisteacht leis an tráchtairacht fad a bhíonn siad ag léamh na bhfocal ag an am céanna.

Níl sé ar aon dóigh casta fotheidil a chruthú le haghaidh físeán agus tá cuid de na huirlísí saor in aisce. Sampla amháin de seo ná Divxland Media Subtitler <http://www.divxland.org/en/>, a ligeann don úsáideoir fotheidil a ullmhú le haghaidh físeán. Is féidir, an uair sin, na fotheidil a chur ag dul le cuidiú scagaire (mionchlár a dhéanann na fotheidil a cheangal/nó a sheinm in aonacht leis an gnáthsheinnteoir ilmheán). Is sampla de scagaire mar seo é VobSuv agus é le híoslódáil saor in aisce ó: <http://www.softpedia.com/get/Multimedia/Video/Codec-Packs-Video-Codecs/>.

Is féidir fosta fotheidil a chur isteach ar chomhaid fhíseáin dála comhaid .avi ar bhonn buan, mar a mhínítear san ábhar teagaisc seo a leanas: <http://www.divxland.org/permanentsubtitling.php>

Is gnách gur breá le mic léinn fotheidil a ullmhú le haghaidh físeáin bheaga nó le haghaidh giotáí d'fhíseáin agus is tairbheach leo an tasc J

Suíomhanna Líonraithe Shóisialta

Díríonn líonraí sóisialta ar [chaidrimh shóisialta](#) a thógáil agus a fhorbairt idir dhaoine e.g. daoine a bhfuil na suimeanna céanna acu agus/nó na gníomhaíochtaí céanna ar bun acu. Is gnách go mbíonn próifíl ann do gach úsáideoir ar shuíomhanna líonraithe shóisialta mar aon le liosta nasc/teagmhálaithe sóisialta agus réimse seirbhísí breise. Tá bunús na seirbhísí líonraithe shóisialta [gréasánbhunaithe](#) agus tugann siad dóigh do dhaoine le bheith i dteagmháil le chéile ar an [idirlíon](#), e.g. tríd an [ríomhphost](#) agus [trí theachtaireachtaí me-andracha a chur](#). Cé gur gnách go nglactar le seirbhísí [pobail ar líne](#) mar sheirbhísí líonraithe shóisialta sa chiall is leithne, is gnách go mbíonn an líonrú sóisialta dírithe ar an duine aonair fad a bhíonn seirbhísí [pobail ar líne](#) grúpalárnaithe. Ligeann suíomhanna líonraithe shóisialta d'úsáideoirí bheith ag roinnt smaointe, gníomhaíochtaí, imeachtaí agus suimeanna lena gcuid líonraí aonaracha féin.



Is iad na príomhsheirbhísí líonraithe shóisialta atá ann ná na cinn sin a dhéannn catagóirí (e.g. iar-bhliainghrúpa scoile nó cairde ranga). Is dóigh atá iontu ceangal a dheanamh le cairde (le leathanaigh féinchur síos de ghnáth) agus córas molta a dhéantar a nascadh le hiontaoibh. Baintear úsáid as [Facebook](#), [Google +](#), [Twitter](#) agus LinkedIn ar bhonn domhanda agus is minic a bhaintear úsáid astu i gcomhpháirt le chéile.

Bunaíodh cuid de na líonraí sóisialta is mó ar an bharúil go ndéanfaí ceangail fhóra a dhigitíú; díríonn cuid mhór líonraí eile ar chatagóirí a théann ó leabhair agus ó cheol go heagraíochtaí neamhbhrabúsacha go máithreachas, mar dhóigheanna chun seirbhísí agus pobail a thabhairt do dhaoine aonaracha a bhfuil na suimeanna céanna acu.

Facebook



Is é Facebook www.facebook.com an líonra sóisialta is mó úsáid i measc úsáideoirí gníomhacha míosúla ar bhonn domhanda. Ó bhí Meán Fómhair na bliana 2006 ann, is féidir le haon duine atá níos sine ná 13 agus a bhfuil seoladh bailí ríomhphoist aige bheith ina úsáideoir Facebook. Is féidir le húsáideoirí cur lena gcuid cairde agus teachtaireachtaí a chur chucu chomh maith le nuashonrú a dhéanamh ar a gcuid próifílí pearsnata le heolas orthu féin a thabhairt do chairde. Ar a bharr sin, is féidir le húsáideoirí ceangal a dhéanamh le líonraí a chruthaítear san ionad oibre, sa scoil nó sa choláiste. Tagann ainm an tsuímh ón ainm logánta ar na leabhair a thugann lucht riaracháin ollscoileanna sna Stáit Aontaithe do mhic leinn ag tús na bliana acadúla agus é de chuspóir acu cuidiú le mic léinn aithne níos fearr a chur ar a chéile.



LinkedIn

Is [suíomh líonraithe shóisialta www.linkedin.com](http://www.linkedin.com) é LinkedIn atá dírithe ar chúrsaí gnó agus is ar son [líonrú gairmiúil](#). is mó a bhaintear úsáid as. Ó 8 Aibreán 2014 , tá breis agus 300 milliún úsáideoir cláraithe ag LinkedIn ó bhreis agus 200 tír agus críoch trasna an domhain. Tá an suíomh ar fáil as Béarla, as Francís, as Gearmáinis, as Iodáilis, as Portaingéilis agus as Spáinnis.

The screenshot shows the LinkedIn homepage for a user named Carsten. The navigation bar includes Home, People, Jobs & Hiring, Services, Answers, My Profile, and My Company. The 'Jobs & Hiring' section is active, displaying a search bar with the text 'Enter keyword, company or job title' and a 'Go' button. Below the search bar are buttons for 'Find Jobs' and 'Hiring and Recruiting'. A section titled 'Find your next job through your network' is powered by 'simplyhired'. It features input fields for 'Keywords' (with a placeholder '(e.g., designer, engineer)'), 'Country' (set to 'United States'), and 'US Zip' (set to '93720'). A 'Search' button is present. To the right, there is a 'Need to Hire?' button. Below the search section, there are two columns: 'Recent jobs' listing 'Product Designer - #61678' at Autodesk, Inc., 'Buyer Network Manager' at AUTOonline Inc., and 'Customer Retention & Loyalty'; and 'Tips for finding jobs with LinkedIn' which includes 'Update your profile' and 'Get recommendations'.

Twitter

Is seirbhís [líonraithe sóisialta](http://www.twitter.com) agus [‘micrea-bhlagála’](#) é Twitter www.twitter.com a ligeann d’úsáideoirí teachtaireachtaí ar a dtugtar tvuíteanna a sheoladh agus a léamh. Is poist [théacsbhunaithe](#) iad tvuíteanna a bhfuil 140 [carachtar](#) ar a mhéad iontu a thaispeántar ar leathanach próifíle an údair agus a sheachadtar chuig cuid síntiúsóirí an údair ar a dtugtar leantóirí. Is féidir le seoltóirí an seachadadh a theorannú dóibh siúd atá ina gciorcail cairde, nó mar réamhshocrú, rochtain oscailte a thabhairt. Ó bhí go mall sa bhliain 2009 ann, is féidir le húsáideoirí liosta údair a leanúint in áit údair aonarach a leanúint. Is féidir le gach úsáideoir tvuíteanna a chur agus a fháil trí shuíomh gréasáin Twitter, [trí Sheirbhís Gearrtheachtaireachtaí](#) (SMS) nó trí fheidhmchláir sheachtracha (go sonrach na feidhmchláir sin a cruthaíodh le haghaidh [fóin chliste](#)). In ainneoin go bhfuil an tseirbhís féin saor in aisce, is féidir go mbeadh táillí [an tsoláthraí seirbhíse fóin](#) i gceist má dhéantar é a rochtain trí SMS. San am i láthair, tá 255 milliún úsáideoir ag an tseirbhís in aghaidh na míosa ar bhonn domhanda.



Google Plus



Is é **Google+an** dara suíomh líonraithe shóisialta is tábhachtaí i ndiaidh Facebook. Déanann Google+ próifílí Google a cheangal agus [Google Buzz](#) a cheangal le Gmail agus le Youtube. Is féidir é a úsáid le fóin Andróideacha nó le fóin iOS.

Ar Scáth a chéile

Is é an dóigh is fearr le teanga a fhoghlaim ná cumarsáid a dhéanamh le cainteoir dúchais atá ag iarraidh do theanga féin a fhoghlaim. Is réiteach ‘tabhair agus glac’ atá ann áit ar tusa an múinteoir (do theanga féin) AGUS ar tusa an foghlaimeoir (teanga iasachta).

Léigh níos mó faoi Fhoghlaim ar scáth a chéile agus amharc ar fhíseáin le samplaí anseo: <http://www.languages.dk/methods/tandem.html>

Le páirtneírí eile ar scáth a chéile a lorg, thig leat cuairt a thabhairt ar Líonra ar Scáth a Chéile na hEorpa ag an seoladh seo: <http://www.slf.ruhr-uni-bochum.de/>. Is áit mhaith le tosú an suíomh idirlín: <http://www.babbel.com/go/friendsabroad>.

Is féidir teacht ar chuidiú agus ar leideanna ar an dóigh le bheith ag foghlaim mar pháirtneír ar scáth a chéile anseo: <http://www2.tcd.ie/CLCS/tandem/email/help/helpeng01.html>

Ta difear idir bheith ar scáth a chéile tríd an ríomhphost agus a bheith ar scáth a chéile aghaidh ar aghaidh (nó bheith ar scáth a chéile ar líne le fuaimeanna dála Netmeeting) mar nach mór do dhaoine atá ar scáth a chéile tríd an ríomhphost bheith ag brath ar scileanna cumarsáide scríofa. Déan níos mó a léamh faoina bheith ar scáth a chéile tríd an ríomhphost ag an seoladh seo: <http://inet.dpb.dpu.dk/infodok/sprogforum/Espr13/pors.html>

Foghlaim thascbhunaithe

Tugann an fhoghlaim thascbhunaithe creatlach úsáideach chun acmhainní ar líne a úsáid. Tugann alt Michael Svendsen Pedersen “What does you have in your ‘Task’ today?” intreoir ghasta ar an fhoghlaim thascbhunaithe (<http://inet.dpb.dpu.dk/infodok/sprogforum/Espr4/msp.html>)

Is féidir teacht ar alt suimiúil eile ó Sprogforum ar an fhoghlaim thascbhunaithe anseo: <http://inet.dpb.dpu.dk/infodok/sprogforum/Espr20/msp.html> Is alt é seo a tháinig de bharr cúrsa inseirbhíse le haghaidh múinteoirí teanga a theagascann inimircigh fhásta agus teifigh chun na Danmhairge ag ionaid teanga na tíre (i mBéarla).

Vodchraoladh

Is téarma é podchraoladh físe (a ghiorraítear chuig físchraoladh nó vodchraoladh) a úsáidtear le haghaidh gearrthóg físe ar éileamh a sheachadadh ar líne trí fhothaí Adamhacha nó RSS. Baineann an téarma le físeáin agus is síneadh é ar an phodchraoladh a bhaineann le


fuaimeanna den mhórchuid. Tagraíonn sé do dháileadh físeán nuair a bhaintear úsáid as fotha RSS mar bhealach teilíffíse aisioncronaca a nglacann tomhaltóirí síntiús leis ar ríomhaire pearsanta, ar bhosa bairr, ar ionad meán nó ar ghléas soghluaiste ilmheán.

Is féidir podchraoladh físe a dháileadh mar chomhad nó mar shruth ó fheastalaí gréasáin. Tá idir bhuntáistí agus mhíbhuntáistí ag baint leis an dá mhodh. Má dhéanann an t-úsáideoir físeáin iomlána a íoslódáil roimh ré bíonn sé/sí ábalta na podchraoltaí físe a sheinm as líne, mar shampla, ar sheinnteoire soghluaiste meán. Ligeann an sruthú don úsáideoir bheith ag lorgaireacht (léim thar chodanna den chomhad) gan iomlán an phodchraolta físe a íoslódáil; tugann sé staitisticí níos fearr agus bíonn níos lú costas bandaleithid ó na feastalaithe; is féidir, áfach, go mbeadh stadanna ann san athsheinm a thagann ó luasanna malla aistrithe.

Is féidir le cliant podchraolta bheith ag obair le seinnteoir faoi leith nó le seinnteoir comhtháite. Sampla amháin den cheann is moille ná iTunes, ar cás saoihiúil é ina ndéantar comhiomlánóir fotha gréasáin a cheangal le seinnteoir meán in áit a mhalairte (Foinse Wikipedia <http://en.wikipedia.org/wiki/Vodcast>)

Traenáil stór focail

Tá sé seo ar cheann de na chineálacha ceachtanna is sine atá ann do ríomhairí. Cuireann an ríomhaire ceist agus ní mór don fhoghlaiméoir an freagra ceart a thabhairt.



Is féidir leis an fhoghlaiméoir an freagra a chur isteach mar théacs nó mar chaint. Is féidir le cineál an cheachta bheith iontach torthúil ach na focail atá le foghlaim a bheith ann i gcomhthéacs. Bíonn sé iontach úsáideach má bhíonn an fhoghlaiméoir ábalta na focail atá siad ag iarraidh a foghlaim a roghnú agus a gcuid ceachtanna féin a thógáil. Ar an dóigh seo déanann an fhoghlaiméoir a phunann stór focail féin a thógáil.



Ceamaraí gréasáin

Is ceamara fíorama é ceamara gréasáin (ar físcbeamara é de ghnáth ach chan i gcónaí) ar féidir a chuid íomhánna a fháil tríd an Ghréasán Domhanda, trí theachtaireachtaí meandracha a chur, nó trí fheidhmchlár fíis-scairteanna ar ríomhaire pearsanta. Is gnách go mbíonn ceamara digiteach ag ceamaraí gréasáin a dhéanann íomhánna a uaslódáil chuig freastalaí gréasáin go leanúnach nó ag eatraimh rialta. Is féidir seo a dhéanamh le ceamara atá ceangailte de ríomhaire pearsanta nó le cruá-earraí tiomnaithe. Is gnách gur ceamaraí beaga ceangailte de ríomhaire pearsanta atá i gceamaraí físchomhdhála. Baintear úsáid as ceamaraí analógacha fosta in amanna (go minic is iad an cineál iad a úsáidtear le teilifís chiorcaid iata), agus iad ceangailte de chárta gafa físe agus ansin iad ceangailte go díreach nó go hindíreach den idirlíon (sleachta as Wikipedia).



Is minic a bhaintear úsáid as ceamaraí gréasáin i rith comhráite ar líne ag úsáid Microsoft Messenger, Skype nó seirbhísí eile ar líne atá cosúil leo

Leathanaigh Ghréasáin agus fuaim leabaithe iontu

Ipadio a úsáid chun leathanaigh Ghréasáin agus fuaim leabaithe iontu a chruthú

Bíonn dúil ag cuid mhór múinteoirí agus foghlaimeoirí teanga in ábhair teagaisc ina mbíonn meascán den teanga labhartha agus scríofa. Measadh riamh, áfach, gur chasta é comhaid fuaime a chruthú ná comhaid téacs. Le blianta beaga anuas rinneadh roinnt iarrachtaí teicneolaíocht dhigiteach ghutháin a úsáid chuige seo. Sampla amháin de seo is ea www.ipadio.com.

Trí úsáid a bhaint as Ipadio, tig leat líne thalún nó guthán póca a úsáid chun teachtaireacht fuaime a thairgeadh, ar an dóigh chéanna agus a bhfágfaí glórphost ar ghuthán póca. Déantar comhad fuaime den teachtaireacht seo láithreach ar an Idirlíon agus URL dá chuid féin aige. Gné sa bhreis a bhíonn i gceist le teachtaireachtaí as Béarla is ea tras-scríbhinn uathoibríoch, ina mbíonn leagan scríofa den teachtaireacht chomh maith (agus rabhadh leis gur dócha go bhfuil lochtanna ar an tras-scríbhinn).

Chun an tseirbhís seo a úsáid, ní mór don úsáideoir cuntas a chruthú le Ipadio. Ní bhíonn aon chostas ann d'úsáideoirí aonair, cé go bhfuil seirbhís ghnó ar fáil ag Ipadio. Tá sonraí ar fáil ar an láithreán Gréasáin. Nuair a chruthaíonn tú cuntas, ní mór duit sonraí áirithe a thabhairt do Ipadio, lena n-áirítear dhá uimhir ghutháin. Gheobhaidh tú uimhir PIN ar ais chun úsáid a bhaint aisti nuair a ghlaonn tú le taifead a dhéanamh. Tá an próiseas iomlán an-simplí, agus tá rogha "scrios" ann muna mbíonn tú sásta leis an taifead. Seo a leanas roinnt samplaí a cruthaíodh don tionscadal Island Voices. Tá taifid iomlána an tionscadail ar fáil ar láithreán Ipadio:

<http://www.ipadio.com/broadcasts/all?q=Gordon+Wells>

Má chliceálann tú ar “more” i gceann ar bith de na craoltaí gutháin, gheobhaidh tú faisnéis bhreise, lena n-áirítear tras-scríbhinn as Béarla i gcásanna áirithe. Tá spás ann chomh maith le tuairimí a léiriú. Mar shampla:

<http://www.ipadio.com/phlogs/GordonWells/2010/02/19/Gordons-phlog-Talking-to-Archie-Campbell>

Ba chóir a thabhairt faoi deara gur glanadh an tras-scríbhinn den chraoladh gutháin, tríd an fheidhm eagarthóireachta a úsáid. Seo a leanas sampla den tras-scríbhinn meaisín nach ndearnadh eagarthóireacht uirthi:

<http://www.ipadio.com/phlogs/GordonWells/2010/02/09/Gordons-phlog-3rd-phonecast>

I gcomhthéacs múinte teanga caithfear bheith cúramach, ar ndóigh, leis an áis seo - ach féadfaidh ceartú meancóg, fiú, bheith ina eispéireas foghlama!

Ceist thábhachtach eile is ea caighdeán fuaim, agus braitheann sé sin cuid mhór ar chaighdeán an naisc gutháin. Mar sin féin tabhair faoi deara go bhfuil, chomh maith leis an fheidhm fónchraoladh, an rogha “thraidisiúnta” ann, uaslódáil MP3. Mar sin, má tá comhaid fuaim réamhthairfeadta ar do ríomhaire cheana féin thig leat iad seo a úsáid go fóill le Ipadio.

Ar deireadh, tá feidhm eile ann, trasphostáil, a ligeann duit do chuid fónchraoltaí a uaslódáil nó a leabú chuig cuid mhór meán sóisialta, leithéidí Facebook, Twitter, nó blag ar bith a bheadh á reáchtáil agat. Tá seo úsáideach go speisialta do mhúinteoirí teanga, nó ligeann sé duit d’áiseanna ilmheáin gréasánbhunaithe féin a chruthú i do rogha formáid.

Mar shampla, tá fuaim (Ipadio) agus fíis (YouTube) araon san áireamh i mblag an tionscadail Guthan nan Eilean <http://guthan.wordpress.com>. Léibheann de chuid Wordpress is ea é seo, agus cruthaíodh é le dul chun cinn tionscadail a thairfeadh, nuacht a scaipeadh, agus le hidirghníomhaíocht a spreagadh i measc foghlaimoirí agus múinteoirí. (Níl dua ar bith ag baint le cuntas Wordpress a chruthú, mar atá amhlaidh le Ipadio.) I gcúpla post nasctha tharraing an tionscadal aird agus thug réamhbhlaiseadh ar cheann de na topaicí fá choinne sraith nua d’fhíseáin de chuid Guthan nan Eilean.

Sa chéad cheann tá agallaimh le rannpháirtí i nGaeilge na hAlban agus i mBéarla, iad ag úsáid an ghutháin. Sa bhlagphostáil seo fá dtaobh de na hagallaimh tá naisc leabaithe chuig an dá fhónchraoladh:

<http://guthan.wordpress.com/2010/02/19/local-language-teacher/>

An mhí ina dhiaidh sin chruthaigh an tionscadal blagphostáil eile, agus leabaigh siad an físeán an iarraidh seo.

<http://guthan.wordpress.com/2010/03/24/buain-na-monadh-peatcutting/>

Is féidir ceann ar bith na na leathanaigh ghréasáin seo, nó an t-iomlán acu, a nascadh le Wordlink agus Multidict le go mbeidh teacht láithreach ar fhoclóir ar líne. Is léir láithreach bonn dóigheanna lena úsáid ar mhaithe le foghlaim teanga.

Mar achoimre, bheir Ipadio feidhmíocht fuaim bhreise do mhúinteoir teanga ar bith fá choinne a réimse uirlisí le háiseanna a chruthú. Nuair a chuirtear é le cláir agus léibhinn ghréasánbhunaithe eile, leithéidí Wordpress, YouTube agus/nó Wordlink/Multidict, tá an fhéidearthacht ann saothar ilmheáin an-fheidhmiúil a chruthú.

Tóraíochtaí Gréasáin (WebQuests)

Is é an rud is tóraíocht gréasáin (WebQuest) ann ná gníomhaíocht ina bhfreagraíonn an foghlaimeoir freagraí nó ina dtiomsaíonn sé nó sí faisnéis a fuarthas don chuid is mó ar an ghréasán. Ceaptar tóraíochtaí gréasáin le díriú ar fhaisnéis a úsáid agus anailís a dhéanamh uirthi seachas í a lorg. Ciallaíonn sé seo go dtugann an múinteoir, nó an té a cheap, na naisc atá de dhíth don fhoghlaimeoir.

Is é an áit is fearr ar an ghréasán le foghlaim fá thóraíochtaí gréasáin:

http://www.etni.org.il/etnirag/issue8/nancy_mckeand.htm

Ba iad [Bernie Dodge](#) agus [Tom March](#), a d'fhorbair múnla na tóraíochta gréasáin i dtús na bliana 1995 in Ollscoil Stáit San Diego, agus tugadh breac-chuntas air ina dhiaidh sin in [Some Thoughts About WebQuests](#).

Is iad na fadhbanna is mó a bhaineann le modh na tóraíochta gréasáin a úsáid a fhad is a bhaineann sé leis na teangacha is lú a mhúintear ná leibhéal teanga na suíomhanna gréasáin (doiligh, de ghnáth) agus gur beag ar fad an méid ábhair atá ann go fóill ar an ghréasán i dteangacha áirithe.

Le tóraíochtaí gréasáin a chruthú féadfaidh tú InstandWebquest a úsáid. Clár bunaithe ar an ghréasán atá ann le tóraíochtaí gréasáin a chruthú go tapa:

<http://instantprojects.org/webquest/main.php>

Le tuilleadh eolais a fháil gabh chuig: <http://webquest.org/> agus <http://bestwebquests.com/>, suíomhanna a bheir intreoír ar dóigh ar thóraíochtaí gréasáin agus ina bhfuil cartlann mhór d'aiseanna atá réidh le húsáid.

Vicithe

Tá vicithe cosúil le blaganna. Thig le daoine dul isteach i vicí agus eagarthóireacht a dhéanamh ar théacsanna atá ann agus is féidir le duine ar bith a théann ar an tsuíomh na téacsanna seo a léamh níos faide anonn. Is é an ceann is mó a bhfuil tóir air [Vicipéid](#) atá ina chliclipéad beo ollmhór.

Moltar bheith cúramach agus tú ag úsáid vicithe nó ní i gcónaí a thugtar nó ní léir i gcónaí foinsí a n-eolais.

An dóigh le hábhair analógacha a aistriú go hábhair dhigiteacha

Cóipcheart

Ní rún don aonad seo gach gné den chóipcheart a chlúdach ach cuid treoirínthe ginearálta a thabhairt.

I dtús báire, tá sé dleathach de ghnáth anois ábhar de do chuid féin (ábhar a ceannaíodh go dleathach) a chóipeáil. Féadfaidh, mar sin féin, fadhbanna a bheith ann le háiseanna

oideachasúla, ach is cosúil gur úsáid chóir atá ann cóip chúlta a dhéanamh leis an infheistíocht a choinneáil slán.

Is é an smaoineamh is bun le cóipcheart ná a chinntiú go bhfaigheann an táirgeoir íocaíocht nó cúiteamh as obair a rinneadh. Téann cóipcheart in éag i ndiaidh méid áirithe blianta, ach athraíonn an téarma éaga i rith an ama. Mar shampla, in 1998 mhéadaigh an Sonny Bono Copyright Term Extension Act an téarma ó dheireadh shaol an údair móide 50 bliain go dtí deireadh saoil móide 70 bliain. Méadaíodh an téarma fá choinne saothar a rinneadh ar fostú ó 75 bliana go 95 bliana.

Tá ceisteanna cóipchirt á bhfiosrú go fóill. Tá Lawrence Lessig ar dhuine de na ceannródaithe atá ag tabhairt dúshláin sna cúirteanna, a shíleann go bhfuil sé inghlactha, e.g. go saothraíonn Disney airgead ar Snow White a léiriú ach go bhfuil sé míreasúnta go bhfuil cosaint ag Disney ar feadh na scórtha bliain, gan a dhath a íoc, ar son an tsaothair a bunaíodh ar an scéal a scríobh Clann Mhac Grimm de thoradh Acht Sonny Bono 1998.

Gaiste coitianta is ea ceol cúlra a úsáid i bhfíseáin. Ní féidir ach ceol a ceannaíodh le ceadúnas le húsáid mar cheol cúlra i bhfíseáin agus i scannáin a úsáid fána choinne seo. Mar sin, ach gurb é gur tú féin a chum an ceol, ná húsáid ceol i bhfíseáin. Mar sin féin tá sé dleathach fístaifeadáin a dhéanamh ina bhfuil an ceol mar chuid den chúlra nádúrtha agus nár cuireadh isteach é mar chuid den phróiseas eagarthóirtheacht (e.g. ag dioscó), ach tabhair aire!

Sleachta ó Vicipéid fá dtaobh den chóipcheart: Tacar de chearta eisiacha is ea an cóipcheart a rialaíonn úsáid léiriú áirithe smaoinimh nó eolais. Ina chiall is leithne, is é atá gceist “an ceart cóip a dhéanamh” de bhunsaothar. Don chuid is mó tá tréimhse theoranta ag baint leis na cearta seo. Is é © siombail an chóipchirt, agus i ndlínse áirithe féadtar é a scríobh mar (c) nó (C) chomh maith.

Ní chlúdaíonn dlí an chóipchirt ach an fhoirm nó an dóigh ar leith inar cuireadh smaoine nó eolas i láthair, “foirm an léirithe ábhair”. Níl sé deartha nó ceaptha leis na bunsmoainte, coincheapa, fíricí, stíleanna, nó teicnící a d’fhéadfadh bheith inchorpraithe i nó léirithe ag saothar an chóipchirt. I ndlínse áirithe, fágann dlí an chóipchirt slí do shaothair aoracha nó léiritheacha a d’fhéadfadh féin bheith faoi chóipcheart. Mar shampla, cuireann an cóipcheart atá ann i dtaca le cartún ina bhfuil Mickey Mouse cosc ar pháirtithe neamhúdraithe cóipeanna den chartún a scaipeadh nó saothair atá díorthach (neamhbhunúil, cóipeáilte) a chruthú a chóipeálann nó a dhéanann aithris ar luchóg antrapamorfach Disney féin. Ach ní chuireann sé cosc ar shaothair ealaíne a chruthú faoi luchóga antrapamorfacha go ginearálta, a fhad is go bhfuil go leor éagsúlachta iontu is nach bhfuil siad aithriseach ar an rud bunaidh. Féadfaidh dlíthe eile srianta dlíthiúla a chur ar atáirgeadh nó úsáid i gcás nach bhfuil cóipcheart ann - leithéidí trádmarcanna agus paitinní.

Tá dlíthe cóipchirt caighdeánaithe i gcoinbhinsiúin idirnáisiúnta, leithéid Choinbhinsiún Bheirn i gcuid tíortha agus éilíonn eagraíochtaí idirnáisiúnta mar an tAontas Eorpach nó an Eagraíocht Dhomhanda Trádála dlíthe cóipchirt óna mballstáit.

Cóipcheart a fháil agus a chur i bhfeidhm

De ghnáth, caithfidh saothar bunchaighdeáin úrnuachta a bhaint amach le cáiliú fá choinne cóipchirt, agus téann an cóipcheart in éag i ndiaidh tréimhse áirithe ama (féadann cuid dlínsí a cheadú go sínfear seo). Cuireann tíortha éagsúla teisteanna éagsúla i bhfeidhm, ach de ghnáth tá na riachtanais íseal; sa Ríocht Aontaithe caithfear ‘scil, úrnuacht agus obair’ éigin a bheith ag baint leis. Ach is féidir méid beag go leor de na tréithe seo a bheith imleor le cinneadh go

bhfuil gníomh áirithe cóipeála ina shárú ar bhunleiríú an údair. San Astráil dearbhaíodh nach leor aon fhocal amháin le saothar a bheith ina shaothar cóipchirt.

Sna Stáit Aontaithe tá an cóipcheart uathoibríoch (ar nós Choinbhinsiún Bheirn) ó bhí an 1 Márta 1989 ann, a bhfuil de thoradh air gur cosúla é le ceart maoinne. Mar sin, mar atá i gceist le ceart maoinne, ní gá cóipcheart a bhronnadh nó a fháil trí chlárú oifigiúil le hoifig rialtais ar bith. A luaithe is a laghdaítear smaoineamh go foirm inbhraite, mar shampla trína dhaingniú i meán socraithe (mar shampla, líníocht, bileog cheoil, grianghraf, fístéip nó litir), tá an sealbhóir cóipchirt i dteideal a c(h)earta eisiacha a chur i bhfeidhm. Ach cé nach gá cóipcheart a chlárú go hoifigiúil le go dtosóidh sealbhóir cóipcheart a fheidhmiú ina chearta eisiacha, tá buntáistí ag baint le clárú saothar (má dhéanann dlíthe na dlínse sin foráil fá choinne clárúcháin); is fianaise prima facie ar chóipcheart bailí é agus ligeann sé don tsealbhóir cóipchirt damáistí reachtúla agus táillí aturnae a lorg (in SAM, mar shampla, má chláraítear i ndiaidh sárú a bheith déanta ní thig le duine ach damáistí iarbhir agus brabúis chaillte a fháil). D'fhéadfadh sé gurb é bunsealbhóir an chóipchirt fostaitheoir an údair seachas an t-údar féin más "saothar ar fostú" atá ann. Arís, tá an prionsabal seo forleathan; i ndlí Shasana déanann an Copyright Designs and Patents Act 1988 foráil má tá saothar ina bhfuil cóipcheart déanta ag fostaí le linn fostaíochta, sanntar an cóipcheart go huathoibríoch don fhostóir.

Go hiondúil is é an sealbhóir a chuireann cóipchirt i bhfeidhm i gcúirt dlí sibhialta, ach bíonn reachtanna sáraithe cóiriúla i gceist fosta. Díritear smachtbhanna cóiriúla de ghnáth ar ghníomhaíocht thromchúiseach góchumtha, ach tá a leithéid ag éirí níos coitianta de réir mar a bhíonn comharghnónna cóipchirt ar nós an RIAA ag díriú isteach ar an úsáideoir Idirlíon sa bhaile a bhíonn ag roinnt comhad. Go nuige seo, áfach, réitíodh na cásanna seo taobh amuigh den chúirt, agus gan in éineacht le héilimh foaíochta na mílte dollar ach bagairt chun an roinnteoir comhaid a agairt, a mhillfeadh cuid mhór cosantóirí, agus de ghnáth ní théann na cásanna seo a fhad le cúirteanna an dlí sibhialta.

Is tábhachtach a thuiscint nach ionann an chomhartha cóipchirt gan a bheith ann agus nach bhfuil an saothar clúdaithe ag cóipcheart. Is leis an té a chum an obair an cóipcheart.

Fógraí cóipchirt

Ba riachtanas reachtúla sna Stáit Aontaithe é an fógra cóipchirt - an litir C laistigh de chiorcal (is é sin, "©"), an giorrúchán "Copr.", nó an focal "Cóipcheart", agus an chéad bhliain inar foilsíodh an obair agus ainm an tsealbhóra chóipchirt ina dhiaidh. (Tabhair faoi deara nár aithníodh riamh an litir C laistigh den idirainnéis ("c") mar shainitheoir oifigiúil.) Ón bhliain 1976, áfach, nuair a rith SAM Acht nua Cóipchirt ar nós na samhla ón Choinbhinsiún Berne, is roghan atá ann fógraí cóipchirt a úsáid chun cóipcheart a éileamh, as siocair go mbíonn cóipcheart ann láithreach mar gheall lar Choinbhinsín Berne. Bíonn iarmhairtí ann, áfach, le fógra cóipchirt a thabhairt (tríd na comharthaí seo a úsáid) maidir le damáistí incedaithe i gcás sáraithe dlí in áiteanna áirithe.

B'fhógra riachtanach foimiúil é tráth Gach Ceart ar Cosaint go gcoinníonn an sealbhóir cóipchirt gach ceart a thugtar de réir dlí reatha cóipchirt agus gur féidir cás dlí a thabhairt in aghaidh sárú ar bith ar chóipchirt. Tugadh é seo isteach mar gheall ar Choinbhinsín Buenos Aires 1910, inar éilíodh ráiteas go gcoinneofaí cearta chun clúdach idirnáisiúnta a thabhairt i ngach tír a shínigh an coinbhinsín sin. Cé go bhfeictear go coitianta é, níl feidhm ar bith leis an fhógra sin anois, as siocair gur ball den Choinbhinsín Berne é gach ball de, Choinbhinsín Buenos Aires, a chiallaíonn go bhfuil cóipcheart i bhfeidhm i ngach stát sínithe gan fógra foirmiúil ar bith a thabhairt.

Baintear úsáid as an fhrása ar uairibh fiú amháin ar cháipeisí nach leis an bhunúdar gach ceart a thugtar de réir dlí cóipchirt, ar nós saothar atá eisithe faoi cheadúnas copyleft. Níl ann, áfach, ach gnás agus ní dócha go mbeadh iarmhairtí ar bith dlí leis.

Ceartha eisiacha an tsealbhóra chóipchirt

Baineann ceartha eisiacha faoi leith leis an sealbhóir cóipchirt:

- cóipeanna nó atheagráin den saothar a sholáthar agus iad a dhíol (lena n-áirítear, go hiondúil, cóipeanna leictreonacha)
- an saothar a iompórtáil nó a easpórtáil
- saothar díorthach a chruthú (saothar a chuireann an bhunobair in oiriúint)
- an saothar a chur i láthair nó a thaispeáint go poiblí
- na ceartha seo a dhíol le daoine eile nó iad a bhronnadh orthu

Ciallaíonn an frása “ceart eisiach” gurb é an sealbhóir cóipchirt amháin atá saor chun na ceartha freastalaithe a chur i bhfeidhm, agus cuirtear cosc ar dhaoine eile an saothar a úsáid gan cead ón sealbhóir cóipchirt ar dtús. Is minic a thugtar “ceart diúltach” ar chóipcheart, as siocair go gcuireann sé cosc ar dhaoine (msh. léitheoirí, lucht féachana agus éisteachta, agus bunfhoilsitheoirí) rud áirithe a dhéanamh, in áit cead a thabhairt do dhaoine (msh. údair) rud a dhéanamh. Ar an dóigh seo is ionann é agus an ceart um dhearadh neamhchláraithe i ndlí Shasana agus i ndlí na hEorpa.

Ceadaíonn ceartha an tsealbhóra chóipchirt dó/di gan úsáid a bhaint as an chóipcheart fad a mhaireann sé. Ciallaíonn sé seo gur féidir le húdar rogha a dhéanamh ar an chóipcheart a úsáid ar feadh cuid den fhad agus gan é a úsáid ar feadh an chuid eile, a mhalairt de dhóigh, nó ceann amháin ar fad nó an ceann eile.

Tá critic, áfach, a dhiúltaíonn an dearbhú seo as siocair go bhfuil sé bunaithe ar thuiscint fealsúnachta de dhlí an chóipchirt mar eintiteas, agus nach nglactar leis go huileghábhálach. Tá ceist ann chomh maith ar cé acu ba chóir amharc ar an chóipcheart mar cheart sealúchais nó mar cheart mórálta. Áitíonn cuid mhór nach ann don chóipcheart ach chun bac a chur ar thríú páirtithe smaointe agus eolas a fhoilsiú, agus nach bhfuil an sainmhíniú ar an chóipcheart mar cheart diúltach ag teacht le cuspóir polasaí poiblí trína ngrósaítear údair nua saothar nua a chruthú agus an fearann poiblí a shaibhriú.

Is ionann an ceart chun saothar a leasú an ceart chun an dóigh a gcuirtear an saothar in iúl a aistriú. I measc na samplaí de seo tá dráma nó scríopt scannáin a leasú ó úrscéal; gearrscéal a aistriú; agus cóiríú nua a dhéanamh ar shaothar ceoil.

Úsáid chothrom agus trádáil chothrom

Ní cheadaíonn cóipcheart gach cóipéail. Sna Stáit Aontaithe, ceadaíonn dúnghaois úsáid chothrom, arna chódú ag an Acht um Chóipcheart 1976 mar Mhír 107, 17 U.S.C, ceadaíonn sé cóipéail agus dáileadh faoi leith gan cead an tsealbhóra chóipchirt ná íocaíocht don té chéanna. Ní sháiníonn an reachtaíocht go soiléir úsáid chothrom, ach ina áit sin, tugann sé ceithre fhachtóir neamh-eisiach ar chóir amharc orthu agus anailís á déanamh ar úsáid chothrom. Is iad seo a leanas na fachtóirí sin:

- cuspóir agus carachtar d’úsáide
- nádúr an tsaothair atá faoi chóipcheart
- méid an tsaothair a glacadh, agus

- an tionchar a bheidh ag an úsáid ar an mhargadh a d'fhéadfadh a bheith ann den saothar atá faoi chóipcheart.

Sa Ríocht Aontaithe agus i gcuid mhór tíortha eile den Chomhaltas, bunaíodh, tríd na cúirteanna nó reachtaíocht, coincheap na trádála cothroime. Is minic nach sainmhínítear an coincheap go soiléir; i gCeanada, áfach, ceadaíodh tríd an reachtaíocht cóipeáil phríobháideach le haghaidh úsáid phearsanta ó 1999. San Astráil, is tacar teoranta cúinsí iad na heisceachtaí trádála cothroime de réir an Achta um Chóipcheart 1968 (Cth) inar féidir ábhar a chóipeáil nó a leasú go dlíthiúil gan cead a fháil ó shealbhóir cóipchirt. Is úsáidí trádála cothroime iad taighde agus staidéar; léargas agus critic, tuairisciú nuachta agus comhairle phroifisiúnta (dhlíthiúil) a thabhairt. De réir dhlí reatha na hAstráile, is sárú ar an chóipcheart é go fóill ábhar a athfhoilsiú nó a leasú le haghaidh úsáid phearsanta nó príobháideach gan cead a fháil ón úinéir cóipchirt. Is féidir go mbeidh eisceachtaí teicniúla eile ann, ar nós saothar a chur ar fáil go sealadach i bhfoirm inléite leictreonach (msh, i gcóras stórála teicneolaíochta faisnéise).

Sna Stáit Aontaithe níl cead ag tomhaltóirí de réir an AHRA (Audio Home Recording Act arna chódú i Mír 10, 1992) níl cead ag tomhaltóirí taifeadtaí neamh-thráchtála a dhéanamh de cheol chun ríchíosanna a fháil ar mheáin agus ar ghléasanna chomh maith le meicníochtaí éigeantacha cóip rialaithe ar thaifeadáin

Mír 1008. Dianchosc ar ghníomhaíochtaí áirithe sáraithe.

Ní féidir caingeán ar bith a ghlacadh faoin teideal seo ina gcuirtear sárú ar chóipcheart i leith bunaithe ar dhéanamh, ar iompórtáil, ná ar dháileadh ghléas digiteach taifeadta uathoibríoch, meán digiteach taifeadta uathoibríoch, nó córas taifeadta analóige, nó bunaithe ar úsáid neamhthráchtála ag tomhaltóir as gléas nó meán den chineál seo chun taifeadtaí digiteacha ceoil a dhéanamh ná taifeadtaí analóige ceoil.

Leasaigh achtanna ina dhiaidh seo dlí Cóipchirt SAM ionas go n-amharcfaí ar 10 gcóip nó a thuilleadh a dhéanamh mar a bheadh tráchtáil ann, ach níl aon riail faoi leith ann a cheadaíonn cóipeáil den chineál sin. Ní amharcfar, go deimhin, ar chóip iomlán de shaothar a dhéanamh, nó i gcuid mhór cásanna cuid de a úsáid, le haghaidh úsáide tráchtála, ní amharcfar air sin mar úsáid chothrom. Toirmeascanna an Digital Millennium Copyright Act déanamh, iompórtáil, nó dáileadh gléasanna a bhfuil sé mar rún iad a úsáid chun dul thart ar riail cóip rialaithe nó rochtana a chuir an sealbhóir cóipchirt i bhfeidhm. Choinnigh cúirt achomhairc nach cosaint ar bith é úsáid chothrom ar thabhairt faoi dháileadh den chineál seo.

Is riachtanach a chuimhneamh go mbíonn difríochtaí ar rialúchán cóipchirt i dtíortha faoi leith, fiú i dtíortha a chloíonn leis an Choinbhinsiún chéanna cóipchirt. Bheadh sé contúirteach glacadh leis go gceadaítear gníomhaíocht a cheadaítear de réir dlíthe tír amháin in áiteanna eile.

Léigh faoi chóipcheartanna AE EU:

http://en.wikipedia.org/wiki/EU_Copyright_directive

Fuaim a chóipeáil agus a thaifeadadh

Tá seac 1/8" ag an chuid is mó de chártaí fuaimne – dhá aschur agus dhá ionchur ag cúl an ríomhaire. Beidh an focal "Mic" nó íomhá micreafóin ar cheann de na hionchuir. Ná húsáid an ceann sin!

Ina áit sin, aimsigh an líne ionchuir. Seiceáil na comharthaí ar chúl do chárta fuaimne lena chinntiú cén ceann atá i gceist – bíonn comharthaí ann nó lipéidí téacs ansin le cuidiú leat.

Muna bhfuil na lipéidí soiléir, déan tagairt do do lámhleabhar. Bí cinnte de gur nascóir steiréó 1/8" í an fhlocóid atá tú a dhul a úsáid i do chárta fuaime.

Is í an chéad chéim eile na bogearraí taifeadta/eagarthóireachta a thosú. Is féidir le foireann POOLS Audacity a mholadh:

Bogearra foinse-oscailte, saor in aisce is ea Audacity chun fuaimeanna a thaifeadh agus eagarthóireacht a dhéanamh orthu. Tá sé ar fáil do Mac OS X, Microsoft Windows, GNU/Linux, agus córais eile oibriúcháin.


Chun na bogearraí a íoslódáil, téigh chuig <http://audacity.sourceforge.net/>

Ligeann Audacity duit:

- fuaim bheo a thaifeadh
- Dlúthdhioscaí nó taifeadtaí digiteach a dhéanamh de théipeanna agus ceirníní
- eagarthóireacht a dhéanamh ar Ogg Vorbis, MP3, agus ar chomhaid fuaime WAV
- fuaimeanna a ghearradh, a chóipeáil, a spladhsáil agus a mheascadh le chéile
- luas nó aired taifeadta a athrú
- tá an comhéadan ar fáil i gcuid mhór teangacha agus is féidir é a leasú..
- agus a thuilleadh!



I ndiaidh taifead a dhéanamh, is féidir mionleasuithe a dhéanamh ar na torthaí le scaigaire fuaime, mar shampla.



Is féidir formáidí éagsúla a dhéanamh de na comhaid a eascraíonn as seo (msh, comhaid mp3 ar féidir iad a dháileadh ar líne agus mar phodchraoltaí).

An ghné is fearr de seo ná go bhfuil treoracha soiléire ag Audacity.
Téigh chuig <http://audacity.sourceforge.net/help/tutorials>

Físeáin a thaifeadh

Is féidir fótagraf a ghlacadh nó físeán a thaifeadh ar aon fhón cliste nó ar aon fheiste chliste ar bith.




Sula ndéanfaidh tú rud a thaifeadh, ná déan dearmad ar na nithe seo a leanas:


- Ceallra na feiste chliste a sheiceáil agus cinnte a dhéanamh de nach bhfuil aon fhuaim sheachtrach ann a d'fhéadfadh cur isteach ar an taifeadh.
- Breithniú a dhéanamh ar cé acu a bheidh nó nach mbeidh aon soilsiú breise ag teastáil agus smaoiniamh faoin taifeach a bheidh ag teastáil chun fótagraif ar ardchaighdeán a chruthú.
- Is fiú tríchosach a úsáid chun taifeadh níos fearr a dhéanamh agus is féidir feabhas a chur ar chaighdeán na fuaime trí mhicreafóin sheachtracha a úsáid.
- Is féidir gach ceann de na taifeadtaí, de na híomhánna agus de na fuaimeanna físe a stóráil i bhfeistí chliste. Is féidir iad a aistriú ina dhiaidh sin chuig PC nó ríomhaire Mac trí chábla USB a úsáid, trí iad a uaslódáil ar líne nó trí iad a sheoladh le ríomhphost.

Na físeáin a fhoilsiú

Tar éis an físeán a thaifeadh, is féidir linn é a chur in eagar, tuilleadh radharc nó creidiúintí a chur leis agus é a fhoilsiú ag an deireadh. Feidhmchláir an-úsáideach ina leith sin is ea Windows Movie Maker agus Camtasia Studio.



Camtasia Studio



Windows Movie Maker

Teangacha Iasachta a Theagasc do Mhic Léinn Lagéisteachta

Foghlaim faoi mhic léinn bhodhaire agus lagéisteachta:

Tionscadal trasnáisiúnta um iniúlacht agus oiliúint teanga is ea SIGNALL. Is é an aidhm atá léi feacht ar chultúr na mBodhar agus ar theangacha comharthaíochta a mhéadú i measc eagraíochtaí, fostóirí agus daoine ar féidir leo éisteacht. Is é an aidhm atá leis athrú iompraíochta agus tiomantas a chothú i measc eagraíochtaí, comhlachtaí fostóirí, bunáochtaí oideachais, údarais phoiblí agus na sochaí ina hiomláine maidir leis an dóigh a bhféachtar ar dhaoine bodhaire agus maidir leis an dóigh a gcaitear leo.

Ar na tíortha atá páirteach sa chlár, tá Poblacht na Seice, an Fhionlainn, an Spáinn agus an Ríocht Aontaithe.

Is é is aidhm do phacáiste faisnéise feachtas SIGNALL meicníocht a chur ar fáil lena n-athrófar an dóigh a gcaithfidh an tsochaí i gcoitinne le daoine lagéisteachta. Déanfar amhlaidh trí imeascadh sóisialta, trí rochtain shóisialta agus trí thuiscint shóisialta, agus ní trí chaoifhulaingt a thaispeáint mar a tharla roimhe. Ar na hacmhainní atá ar fáil, tá leabhar, clár faisnéise i bhfoirm DVD, CD-ROM agus láithreán Gréasáin. Tabhair cuairt ar www.signallproject.com le haghaidh tuilleadh faisnéise.

Ní ann do leagan caighdeánach de theanga chomharthaíochta. Mar shampla, ní ionann teanga chomharthaíochta don Spáinn agus do Chósta Ríce, cé gurb ionann an teanga labhartha. Mar

sin, braitheann daoine lagéisteachta a bhíonn ag taisteal ar fud an domhain gur cheart dóibh foghlaim conas beola a léamh agus, b'fhéidir, conas focail a fhuaimniú i dteanga iasachta.

Le firinne, bíonn ar dhaoine lagéisteachta a chinneadh cad iad na spriocanna atá acu don rang teanga iasachta: e.g. foghlaim conas focail a fhuaimniú, conas urlabhra a léamh nó conas léamh/scríobh. Ina theannta sin, bíonn orthu plé lena múinteoir cén dóigh a stiúrfaidh sé/sí na ceachtanna: e.g. guth a úsáid, gach rud a mhéarlitriú, meascán de chomharthaíocht agus de mhéarlitriú a úsáid, leidurlabhra a úsáid. (Leidurlabhra = Fuaimeanna a chur in iúl ó amharc).

Mar sin féin, is cuma cé chomh domhain is mian le mic léinn lagéisteachta dul isteach i dteanga iasachta, bíonn ábhair chlosamhairc úsáideach beag beann ar cé acu a bhítear ag foghlaim teanga iasachta chun críoch aireachtálach nó chun críoch tháirgiúil freisin.

Leideanna maidir le Mic Léinn Lagéisteachta a Theagasc trí Ábhair Chlosamhairc a úsáid

- Bain tairbhe as roinnt éagsúil feistí éisteachta cúnta (e.g. aimplitheoirí) chun amharc ar chláir theilifíse nó ar scannáin i dteangacha iasachta.
- Bain úsáid as tuilleadh gníomhaíochtaí léitheoireachta/scríbhneoireachta amhail gníomhaíochtaí closchaiséid thras-scríofa nó bogearraí foghlama ríomhchuidithe teanga.
- Nuair is féidir, bain úsáid as gearrthóga físe nó as scannáin ina dtugtar fotheidil sa teanga iasachta.

Ábhair Chlosamhairc a Fhotheidealú

Agus cinneadh á dhéanamh ar ábhair chlosamhairc foghlama teanga a fhotheidealú, seans go ndéanfar machnamh ar cheisteanna eile, mar shampla:

- Ar cheart duit tras-scríbhinní iomlána den téacs i dteanga iasachta a sholáthar nó nár cheart duit ach an bhrí atá leis a sholáthar?
- Ar cheart duit tras-scríbhinní teanga iasachta a sholáthar in éineacht le haistriúchán i máthairtheanga an mhic léinn?
- Ar cheart duit lochtanna a cheartú sa bhunleagan labhartha agus é á fhotheidealú agat nó ar cheart duit cloí leis an bhunleagan (cé go bhfuil lochtanna teangeolaíochta air)?

Áiseanna:

- Tionscadal trasnáisiúnta um inniúlacht agus oiliúint teanga é, arb é an aidhm atá léi feasacht ar chultúr na mBodhar agus ar theangacha comharthaíochta a mhéadú i measc eagraíochtaí, fostóirí agus daoine ar féidir leo éisteacht.
<http://www.signallproject.com>
- Damper, R. I., Baker, R. G., Lambourne, A. D., Downton, A. C., King, R. W. and Newell, A. F. (1984) 'Educational subtitled for deaf children'. In *Proceedings of Second International Conference on Rehabilitation Engineering*, pp. 304-305.

- Béarla a Theagasc d'Fhoghlaimoirí Bodhaire sa tSín <http://www.eslcafe.com/forums/teacher/viewtopic.php?t=1056>
- Creating an Online English Course for Deaf by Elina McCambridge emccambr@sun3.oulu.fi táthar ag súil go bhfoilseofar na chéad torthaí ar líne in earrach na bliana 2007
- Nascliosta Béarla le fóraim agus le hinstiúidí taighde a fhreastalaíonn ar riachtanais daoine bodhaire <http://www.deafblind.com/deafness.html>

Mic léinn lagamhairc agus inrochtaineacht ábhar

Nuair a bhítear ag forbairt ábhair chlosamhairc a bhféadfadh go mbainfeadh mic léinn lagamhairc úsáid astu, bíonn gá leis na hábhair físe a athbhreithniú, mar shampla, agus guthú a sholáthar lena dtugtar tuilleadh faisnéise (e.g. d'fhág an fear an seomra + tuairiscí ginearálta).

Tá an t-alt thíos bunaithe go príomha ar ailt atá ar fáil ar Vicipéid, an chliclipéid saor in aisce.

Tagraíonn inrochtaineacht Gréasáin don chleachtas a bhaineann le leathanaigh Ghréasáin a dhéanamh inrochtana do dhaoine trí leas a bhaint as raon leathan bogearraí agus feistí is gníomhairí úsáideora, agus ní gnáthbhrabhsálaithe Gréasáin amháin. Baineann ríthábhacht leis sin i gcás daoine faoi mhíchumas, mar shampla, daoine lagamhairc. Chun gur féidir leo rochtain a fháil ar an Ghréasán, tá gá ag úsáideoirí áirithe le bogearraí nó le feistí speisialta, mar aon le gnáthbhrabhsálaí Gréasáin, nó brabhsálaithe Gréasáin saindeartha. Fochatagóir de dhea-dhearadh i gcomhair inúsáidteachta is ea dearadh i gcomhair inrochtaineachta.

Is é is inrochtaineacht ann ná an cleachtas a bhaineann le leathanaigh Ghréasáin a dhéanamh níos éasca le nascleanúint agus le léamh. Is é is aidhm di cúnamh a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas, ach bíonn sé úsáideach do gach cineál léitheora freisin. Ailt ina gcloítear leis na treoirí seo a leanas, bíonn siad níos éasca d'úsáideoirí Vicipéid faoi mhíchumas iad a léamh agus a chur in eagar.

Tairbhí a bhaineann le hinrochtaineacht Gréasáin

I gcás láithreáin Ghréasáin ar tugadh aird ar inrochtaineacht agus iad á ndearadh, is minic a bhíonn siad níos inúsáidte do gach cineál úsáideora. Is féidir le dea-dhearadh rochtain níos éasca a sholáthar freisin ar uath-fheidhmchláir bhogearraí, ar nós innill chuardaigh, lena léitear ábhar láithreán Gréasáin.

Gné thábhachtach amháin d'inrochtaineacht is ea cur ar chumas daoine rochtain a fháil ar ábhar ar an bhealach is fearr leo. Is féidir le gach cineál úsáideora tairbhe a bhaint as sin, agus ní daoine faoi mhíchumas amháin: mar shampla, d'fhéadfadh gur mhian le húsáideoirí áirithe méideanna téacs a choigeartú toisc go bhfuil taispeánt an-bheag á húsáid acu ar a bhfón póca, nó d'fhéadfadh gur ghá dóibh eochairbhuillí a úsáid chun a ríomhaire a rialú toisc nach bhfuil luchóg acu nó toisc gur fearr leo gan luchóg a úsáid. I bhformhór na gcásanna, ní féidir le hinnill chuardaigh an oiread sin úsáide a bhaint as grafaic.

Mar shampla, hipearnaisc nach féidir a leanúint ach amháin trí chliceáil orthu le luchóg, ní féidir le daoine nach n-úsáideann ach méarchlár nó léitheoir scáileáin leas a bhaint astu sin chun idirghníomhú lena ríomhaire. Faisnéis a sholáthraítear i bhformáid fuaime amháin, ní féidir le daoine atá bodhar rochtain orthu. Mar an gcéanna, ní bheidh rochtain ag daoine atá dall ar fhaisnéis a sholáthraítear i bhformáid ghrafach amháin.

Má tá rochtain a chur ar fáil do gach cineál úsáideora, is gá láithreáin a dhearadh de réir phrionsabail na hinrochtaineachta Gréasáin.

Tairseach inrochtana Gréasáin do dhaoine atá ag forbairt scileanna léitheoireachta is ea www.peepo.co.uk áit a bhfuil grafaicí feabhsaithe, rialuithe stíle uathúla agus idirghníomhaíocht níos fearr ar fáil (brabhsálaí a thacaíonn le SVG ag teastáil).

Feistí is gníomhairí úsáideora

Is trí bhrabhsálaí Gréasáin ar ríomhaire a fhaigheann formhór na ndaoine rochtain ar an Ghréasán. Bealaí eile chun rochtain ar an Ghréasán is ea Cúntóir Digiteach Pearsanta (PDA) agus fón póca. Nithe coitianta eile iad innill chuardaigh a fhaigheann rochtain ar ábhar Gréasáin trí ransaitheoir Gréasáin a úsáid.

Is ann do raon leathan teicnící agus teicneolaíochtaí a chabhraíonn le daoine faoi mhíchumas, nó le húsáideoirí i gcoitinne, rochtain ar an Ghréasán. Is féidir iad sin a roinnt in dhá aicme (neamheisiacha): teicneolaíochtaí cumasúcháin, a théann timpeall ar mhórmhíchumas ar nós daille; agus teicneolaíochtaí cúnta do laguithe nach bhfuil chomh tromchúiseach.

Áirítear iad seo a leanas leis na teicneolaíochtaí cumasúcháin atá ar fáil:

- brabhsálaithe urlabhra nó gutha lena léitear ábhar téacsúil os ard
- bogearraí aitheanta urlabhra lena nglactar le horduithe a thugtar don ríomhaire nó lena n-athraítear deachtú ina théacs atá ceart ó thaobh na gramadaí de.
- teirminéal Bhraille, ina gcuimsítear taispeáint in-athnuaite Bhraille lena gcuirtear téacs i láthair i bhfoirm charachtair Bhraille (is minic a dhéantar é sin trí phionnaí a ardú trí phoil ar dhromchla comhréidh) agus méarchlár Bhraille (méarchlár traidisiúnta “QWERTY” nó ceann atá deartha do chóras Bhraille).



Teicneolaíochtaí cúnta

Mar aon le gníomhairí úsáideora tiomnaithe d’ábhar Gréasáin, tá raon leathan teicneolaíochtaí cúnta ar fáil chun cabhrú le duine ó thaobh inrochtaineacht ríomhaire de. Is féidir leis na teicneolaíochtaí sin cúnamh mór a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas rochtain ar ábhar Gréasáin. Áirítear iad seo a leanas leis na teicneolaíochtaí cúnta atá ar fáil:

- bogearraí aitheanta urlabhra, ar féidir leo bheith úsáideach do dhaoine a mbíonn deacracht acu luchóg nó méarchlár a úsáid.

- bogearraí formhéadúcháin scáileáin, lena méadaítear an t-ábhar atá ar taispeáint ar mhonatóir an ríomhaire ionas go mbeidh sé níos éasca d'úsáideoirí lagamhairc é a léamh.
- méarchláir fhorleagtha, lena ndéantar clóscríobh níos éasca agus níos cruinne do dhaoine a bhfuil deacrachtaí luailrialaithe acu.
- bogearraí léimh scáileáin, lena n-úsáidtear urlabhra shintéisithe chun gnéithe dá bhfuil ar taispeáint ar an mhonatóir a léamh os ard (cabhrach do dhaoine a bhfuil deacrachtaí léitheoireachta nó foghlama acu), nó lena léitear amach gach a bhfuil ag tarlú ar an ríomhaire (á n-úsáid ag úsáideoirí dallá nó lagamhairc).
- bogearraí aistriúcháin lena gcuirtear ar chumas úsáideoirí láithreán Gréasáin a léamh i dteangacha iasachta, go háirithe iad siúd ar fáthmheasadh go bhfuil míchumas foghlama acu.

Comhairle ghinearálta agus treoirínte ginearálta le haghaidh leathanach Gréasáin inrochtana a chruthú

(foinse: treoirínte inrochtaineachta Vicipéid <http://en.wikipedia.org/wiki/Wikipedia:Accessibility>)

Struchtúr ailt

Seachain an clár ábhar a chur ar snámh más féidir, mar go sáraíonn sé cuma chaighdeánach na leathanach. Más gá duit clár ábhar ar snámh a úsáid, cuir faoin rannán tosaigh é le haghaidh comhsheasmhachta. Bíonn daoine a úsáideann léitheoirí scáileáin ag súil go leanann an clár ábhar an téacs tosaigh; chomh maith leis sin, caillfidh siad aon téacs atá idir an clár ábhar agus an chéad cheannteideal.

Ba cheart ceanteidil a bheith tuairisciúil agus in ord comhsheasmhach (Féach freisin: Tagairtí, Tuilleadh léitheoireachta, Naisc sheachtracha).

Seachain úsáid a bhaint as teidil arb ionann a n-ainm agus ceann de na hainmneacha foirme ar an leathanach, ar nós “cuardaigh” nó “téigh”.

Ba cheart naisc imdhealú débhríochta a bheith ar na chéad ghnéithe den leathanach, roimh aon íomhá nó bosca eolais. Léiríonn brabhsálaí téacs amháin nó léitheoir scáileáin an leathanach ar bhealach seicheamhach, agus, ar shlí eile, léifear an nasc imdhealú débhríochta idir a íomhá agus an rannán tosaigh

Téacs

Agus eagarthóireacht á déanamh, ná bris líne suas mura bhfuil sé fíor-riachtanach déanamh amhlaidh, mar gurb é nascleanúint líne ar líne an bealach is fusa le heagarthóireacht a dhéanamh le léitheoir scáileáin.

Féadann earráidí litrithe agus gramadaí dul i bhfeidhm go mór ar fhuaim an téacs (“fear” in ionad “fear”), a bhfuil sé níos deacra an téacs a léamh dá bharr.

Cuir traslitríú ar fáil le haghaidh gach téacs i gcóras scríbhneoireachta neamh-Laidine. Léifidh léitheoirí scáileáin nach bhfuil tacaíocht Unicode acu carachtar lasmuigh de Laidin-1 mar chomhartha ceiste agus tá sé iontach deacair carachtair Unicode a léamh sa leagan is déanaí de JAWS, atá ar an léitheoir scáileáin is mó tóir.

Ná bain úsáid as teicnící a éilíonn gníomh fisiciúil le faisnéis a chur ar fáil, ar nós leideanna uirlise nó téacs eile “ainliú”.

Naisc

Ná bain an iomarca úsáide as naisc. Cuireann léitheoirí scáileáin gach nasc ar a líne féin.

Cruthaigh tuairiscí maithe naisc, go háirithe do naisc sheachtracha. (seachain “cliceáil anseo” nó cineálacha “seo” de naisc).

Seachain naisc a chur i gceannteidil rannáin, mura bhfuil an téacs naisc ar an aon téacs sa teideal. Stadfaidh léitheoirí scáileáin den cheannteideal a léamh nuair a thagann siad ar nasc agus, más é an nasc an chéad chuid den cheannteideal, ní léifidh siad ach an téacs naisc. Mar shampla, léifear an ceannteideal “The Simpsons” mar “The”, agus léifear ceannteideal “haiceálaithe i gcultúr pobail” mar “haiceálaithe”.

Úsáid a laghad cóid is féidir le gur éasca an téacs san fhuinneog eagarthóireachta a léamh (mar shampla: ná húsáid [[clog|cloig]] nuair is leor [[clog]]).

Dath

Déan cinnte nach é dath an t-aon bhealach amháin a chuirtear faisnéis thábhachtach in iúl. Go háirithe, ná húsáid téacs daite mura gcuirtear a stádas in iúl trí úsáid a bhaint as modh eile, amhail béim i gcló iodálach nó lipéid fonóta. Murach sin, ní bheidh úsáideoirí dalla nó léitheoirí atá ag rochtain ar Vicipéid trí ghléas nach bhfuil scáileán daite aige in ann an fhaisnéis sin a fháil.

D’fhéadfadh roinnt úsáideoirí bheith dathdhall nó dathchaoch. Déan cinnte go bhfuil codarsnacht imleor ag na comhcheangail dathanna a úsáidtear (boscaí faisnéise, boscaí nascleanúna, graif, etc.). Úsáid gineadóir scéim dathanna leis na dathanna a roghnú, agus úsáid uirlisí le haghaidh fíis dathdhaill a ionsamhlú (colorfilter.wickline.org or vischeck.com) chun an toradh a sheiceáil.

Is féidir leathanaigh Ghréasáin a sheiceáil ar líne le AccessColor. Déanann sé anailís ar an fhoinsé HTML do leathanach Gréasáin agus ar na Stílbhileoga Cascáideacha lena mbaineann, agus ríomhann sé ansin go bhfuil an chodarsnacht datha agus an ghile dhatha idir an téacs agus dathanna cúlra i gcomhréir le WCAG 1.0.

Codarsnacht datha oiriúnach do dhaoine lagamhairc, lena n-áirítear dathdhaille, is féidir í a thástáil leis an Colour Contrast Analyser, a bhaineann úsáid as na dréacht-algartaim ó W3C.

Táblaí

Baineann léitheoirí scáileáin agus uirlisí eile brabhsála ar an Ghréasán úsáid as clibeanna sonracha tábla chun cabhrú le húsáideoirí nascleanúint a dhéanamh ar na sonraí atá istigh iontu.

Ceannscríbhinn (|+) Teideal tábla a dhéanann cur síos ar a chineál is ea ceannscríbhinn

Achoimre (achoimre=”...”): Is féidir leis an achoimre cur síos níos mó a chur ar fáil ar chuspóir agus struchtúr an tábla do bhrabhsálaithe neamhamhairc.

Ceanntásca ró agus colúin (!): Fearacht na ceannscríbhíne, cabhraíonn siad seo leis an fhaisnéis a chur ar fáil i struchtúr loighciúil. Is féidir na ceanntásca a léamh ar dtús, agus is féidir nascleanúint a dhéanamh ar na sonraí gaolmhara ina dhiaidh sin.

Is féidir le brabhsálaithe gutha tábla sonraí a léamh amach os ard san ord seo a leanas:

Ceannscríbhinn: [téacs ceannscríbhíne]

Achoimre: [téacs achoimre]

[ceanntásc colúin 1]: [ceanntásc ró 1], [ceanntásc colúin 2]: [cill 1,2], [ceanntásc colúin 3]: [cill 1,3]

[ceanntásc colúin 1]: [ceanntásc ró 2], [ceanntásc colúin 2]: [cill 2,2], [ceanntásc colúin 3]: [cill 2,3]

Táblaí leagan amach

Déantar roinnt boscaí nascleanúna, sraithe agus faisnéise ach táblaí a úsáid.

Seachain táblaí a úsáid chun críche leagan amach amháin. Is é an rogha is fearr na bloic <div> agus na tréithe stíle de chuid HTML a úsáid mar go soláthraíonn siad solúbthacht.

Le haghaidh leaganacha amach simplí, is féidir táblaí a roghnú. Más é an chúis amháin leis an tábla ná éifeacht ar snámh a fháil, féadfar ailínigh="ar dheis" etc. a úsáid le roinnt brabhsálaithe nach dtacaíonn le CSS (stílbhileog chascáideach) ar chor ar bith. Dáiríre is neastachán foclach é sin de <div> móide CSS, agus ní hé sin an peaca dearaidh ar a dtugtar "leagan amach tábla" (neadaithe).

Mar sin féin, d'fhonn bacainní inrochtaineachta a sheachaint, ná bain úsáid as ceannscríbhinn, ró, ceanntásc colúin ná tréith achoimre ar bith agus táblaí á n-úsáid agat chun críocha leagan amach. Ba cheart na gnéithe struchtúracha tábla a úsáid le haghaidh táblaí sonraí amháin. Ná bain úsáid as gnéithe struchtúracha chun críocha cur i láthair. Bain úsáid as stílbhileoga ina n-áit.

Íomhánna

Ba cheart ceannscríbhinn a bheith sa téacs, trí úsáid a bhaint as comhréir íomhá ionsúite nó as líne thánaisteach théacs. Ba cheart cur síos ar aon fhaisnéis atá san íomhá a bheith sa cheannscríbhinn.

Nuair is féidir, ba cheart a gcomhionann i dtéacs a bheith in aon chairteacha nó léaráidí, nó ba cheart cur síos maith a dhéanamh orthu le gur féidir le daoine nach féidir leo an íomhá a fheiceáil tuiscint éigin a fháil ar an choincheap.

Nuair nach bhfuil sé oiriúnach le haghaidh ailt, ba cheart cur síos mionsonraithe ar íomhá a leagan ar leathanach an chuir síos ar íomhá mar aon le nóta lena luaitear go dtiocfaidh cur síos níos mine as an nasc íomhá a ghníomhachtú.

Stíl agus marcáil

Seachain tréithe stíl CSS inlíne= sa chás go bhfuil aicme choitianta chosúil ar fáil, e.g. aicme="wikitable".

Seachain CSS inlíne más ionann an éifeacht atá ag marcáil shimplí leagáide do thuilleadh brabhsálaithe, e.g. ailínigh="ar dheis".

Tástáil éifeachtaí CSS inlíne le CSS míchumasaithe. Ní thacaíonn roinnt brabhsálaithe, meán agus leaganacha XHTML le CSS inlíne.

Ná húsáid clibeanna ná CSS inlíne chun déileáil le méideanna cló. Más gá, úsáid <small> nó <big>, a dtacaíonn Lynx leo go pointe áirithe freisin (fiú más neadaithe).

Ná húsáid clibeanna le dathanna tulra a láimhseáil, mura n-úsáideann tú marcáil dath cúlra leagáide= leis an dath cúlra a shocrú. Is fearr clibeanna simplí loighciúla stíle ar nós , <code> nó a úsáid le haghaidh difríochtaí séimeantacha.

Is foirfe atá CSS inlíne chun críocha maisiúcháin, lena n-áirítear dathanna maisiúcháin, ach ná measc CSS le marcáil leagáide: Déileáilann seanbrabhsálaithe leis an mharcáil leagáide agus déanann siad neamhaird den CSS.

Is dea-smaoineamh é clibeanna loighciúla stíle a cheangal le dathanna CSS (ar ndóigh, braitheann sé sin ar na dathanna maidir le brabhsálaithe a thacaíonn le CSS).

Ná húsáid na clibeanna fisiciúla stíle <u>, <i> ná . Is fearr marcáil Wiki " " nó " " , nó clibeanna loighciúla stíle a úsáid.

Thar rud ar bith eile, úsáid do ghnáthchiall. D'fhéadfadh gur leor <u> lochtach sa chás go n-úsáidtear é chun ní ar nós nasc neamh-inchliceáilte a chur in iúl.

Iniúchtaí inrochtaineacht láithreán Gréasáin

Is ann do líon eagraíochtaí, cuideachtaí agus comhairleach atá ag méadú anois a thairgeann iniúchtaí inrochtaineacht láithreán Gréasáin. Déanann na hiniúchtaí sin, ar cineál de thástáil córais iad, sainiúint ar fhadhbanna inrochtaineachta atá laistigh de láithreán Gréasáin, agus cuireann siad comhairle agus treoir ar fáil faoi na bearta nach mór a dhéanamh leis na fadhbanna sin a cheartú.

Baintear úsáid as raon modhanna chun iniúchadh a dhéanamh ar a inrochtana atá láithreáin Ghréasáin:

Tá uirlisí uathobrithe ar fáil ar féidir leo roinnt de na fadhbanna atá ann a shainiúint.

Is féidir le hathbhreithnitheoirí teicniúla saineolacha, atá eolach ar theicneolaíochtaí agus inrochtaineacht dearadh Gréasáin, athbhreithniú a dhéanamh ar rogha ionadaíoch leathanach agus aiseolas mionsonraithe agus comhairle mhionsonraithe a chur ar fáil bunaithe ar a dtorthaí.

Is é atá i gceist le tástáil úsáideoirí, a ndéanann saineolaithe teicniúla maoirseacht orthu, ná tascanna a dhéanfaidh gnáthúsáideoirí ar an láithreán Gréasáin a shocrú, agus athbhreithniú a dhéanamh ar na fadhbanna a dtagann na húsáideoirí sin orthu de réir mar a fhéachann siad leis na tascanna a dhéanamh.

Baineann láidreachtaí agus laigí le gach ceann de na modhanna sin.

Féadann uirlisí uathobrithe roinnt mhaith leathanach a phróiseáil laistigh d'fhad measartha gairid ama, ach ní fhéadann siad ach roinnt de na fadhbanna inrochtaineachta a d'fhéadfadh bheith sa láithreán Gréasáin a shainiúint.

Sainaitheoidh athbhreithniú saineolaí theicniúil an-chuid de na fadhbanna atá ann, ach is próiseas am-íditheach é sin, agus tá mórán láithreáin Ghréasán rómhór le cur ar chumas duine amháin gach leathanach a athbhreithniú.

Comhcheanglaíonn tástáil úsáideoirí gnéithe de thástáil inúsáidteachta agus de thástáil inrochtaineachta agus tá sí fiúntach chun fadhbanna nach bhféadfaí teacht orthu ar shlí eile a shainaithint. Mar sin féin, ní mór í a úsáid go heolach le nach mbunófar cinntí dearaidh ar na rudaí is fearr le húsáideoir amháin.

Is é an rud is fearr go n-úsáidfear comhcheangal modhanna le hinrochtaineacht láithreán Gréasáin a mheasúnú..

Caighdeáin agus treoirínte

An príomhleathanach do Thionscnamh Inrochtaineachta Gréasáin (WAI) W3C:

<http://www.w3.org/WAI/>

Treoirínte maidir le hInrochtaineacht Inneachar Gréasáin 1.0

<http://www.w3.org/TR/WAI-WEBCONTENT/>

Acmhainní d'Úsáideoirí

An Fhondúireacht Mheiriceánach do na Daill - Inrochtaineacht Gréasáin:

<http://www.afb.org/Section.asp?SectionID=57&TopicID=167>

Institiúid Náisiúnta Ríoga na nDaill: Teicneolaíocht:

http://www.rnib.org.uk/livingwithsightloss/computersphones/Pages/computers_mobile_phones.aspx

http://www.rnib.org.uk/professionals/softwareandtechnology/Pages/software_technology.aspx

My Web My Way leis an BBC:

<http://www.bbc.co.uk/accessibility/>

Acmhainní do dhearthóirí

Accessibility101 - Ceisteanna Coitianta faoi Inrochtaineacht Gréasáin sa Ríocht Aontaithe

<http://www.hobo-web.co.uk/accessibility101/>

Comhairle Inrochtaineachta ón Leabharlann Náisiúnta do na Daill (NLB)

<http://nlb-online.org/#content>

Inrochtaineacht ag Tagairt Dearadh Gréasáin - Tagairt mhór ar líne atá tiomanta do dhearadh Gréasáin agus d'fhorbairt Gréasáin

<http://www.d.umn.edu/itss/support/Training/Online/webdesign/accessibility.html>

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais (Éire) - Inrochtaineacht TFC

<http://www.nda.ie/cntmgmtnew.nsf/0/34774EDB9EDC2A1E80256F8600431030?OpenDocument>

Ionad Rochtana Gréasáin an RNIB

http://www.rnib.org.uk/professionals/webaccessibility/Pages/web_accessibility.aspx

Why W3C Compliant? The Importance of Valid Web Codes by Mihaela Lica

http://www.articleslash.net/Internet-and-Businesses-Online/141857__Why-W3C-Compliant-

[The-Importance-of-Valid-Web-Codes.html](http://www.wabcluster.org/uwem1/)

Modheolaíocht Measúnúcháin Aontaithe ar an Ghréasán
<http://www.wabcluster.org/uwem1/>

Just Ask: Integrating Accessibility Throughout Design from Shawn Lawton Henry
<http://www.uiaccess.com/accessucd/overview.html>

Cúrsaí Oiliúna Alt 508 (saor in aisce!)
<http://www.epa.gov/inter508/training.htm>

Seiceálaithe inrochtaineachta Gréasáin

Bunachar sonraí W3C um Uirlisí Measúnúcháin ar Inrochtaineacht Gréasáin - a rinneadh a athbheochan go luath sa bhliain 2006 agus a nuashonraítear go rialta:
<http://www.w3.org/WAI/ER/tools/Overview.html> Conas do chleachtaí CALL féin a dhéanamh.

CLILSTORE

Sna codanna seo a leanas, déanfaimid cur síos ar Clilstore agus ar a dhá uirlis chomhtháite, Multidict agus Wordlink. Is féidir gach ceann de na trí fheidhmchlár a rochtain ar líne ag multidict.net.

Clilstore
Students: Find language videos at your level on various topics, with transcripts where every word is linked to a choice of online dictionaries in your own language
Teachers: Create, store and organise multimedia wordlinked learning units for use by students

Wordlink
Link (mostly) any webpage automatically word-by-word to online dictionaries in a choice of languages

Multidict
Find and switch easily between online dictionaries in many languages

This project has been funded with support from the European Commission. Disclaimer: This publication reflects the views only of the author, and the Commission cannot be held responsible for any use which may be made of the information contained therein.

Fíor 1. Is féidir teacht ar leathanach Gréasáin Clilstore ag <http://multidict.net>.


Clilstore

Suíomh ilghnéitheach is ea Clilstore agus (i) freastalaíonn sé ar mhúinteoirí ar mian leo aonaid ilmheán foghlama teanga a chruthú nó a aimsiú, rudaí is féidir leo a úsáid lena gcuid mac léinn, agus (ii) cuireann sé stór aonad foghlama teanga ar fáil i roinnt teangacha éagsúla, rudaí is féidir le mic léinn a rochtain go díreach agus a úsáid go neamhspleách. Is féidir le mic léinn clárú mar údair freisin agus aonaid a chruthú agus a roinnt ina dhiaidh sin. Tá rochtain oscailte ar an stór aonad atá ann faoi láthair. Dá bhrí sin, más mian leo na haonaid atá ann faoi láthair a úsáid, ní gá do mhúinteoirí ná do mhic léinn clárú leis an tseirbhís sular féidir leo féachaint ar na hábhair nó iad a úsáid. Más mian le duine aonaid a chruthú, ní mór dóibh clárú agus a sheoladh ríomhphoist a fhíorú. Ceapadh an comhéadan cumadóireachta chun bheith furasta le húsáid. Mar sin féin, moltar d'úsáideoirí nua na treoracha céim ar chéim atá ar fáil ar

www.languages.dk/tools a úsáid agus, más féidir é, leas a bhaint as an iomad ceardlann oiliúna a réachtálann foireann TOOLS (tá sonraí faoi na ceardlanna ar fáil ar shuíomh Gréasáin an tionscadail). Is ar ábhair ilmheán a tharraingítear aird in aonaid Clilstore, is é sin, úsáidtear meascán de na nithe seo a leanas chun cleachtaí idirghníomhacha teanga etc. a chruthú agus a roinnt - físeán, fuaim, íomhánna, téacs, hipearnaisc agus teicneolaíochtaí tánaisteacha tacaíochta. Ba chóir go mbeadh méid suntasach téacs in aonaid foghlama teanga Clilstore ar mhaithe leis an gcuid is fearr a bhaint astu. Tá sé sin amhlaidh toisc gurb é ceann de na fáthanna atá taobh thiar dá uathúlacht mar sheirbhís uathúil foghlama teanga ná an dóigh a gcaitheann bogearraí Clilstore le téacsanna atá leabaithe. Tar éis cnaipe a bhrú, nasctar gach focal go huathoibríoch le Multidict, arb é ár gcomhéadan uathúil foclóra é. Tar a éis sin, cuirtear foclóirí ar líne ar fáil i níos mó ná 100 teanga don fhoghlaimeoir, a ligeann dóibh téacsanna a scrúdú ar a luas féin agus de réir na riachtanas atá acu mar fhoghlaimeoir.

Multidict

Is comhéadan saorsheasaimh foclóra ar líne é Multidict, atá ar fáil ag multidict.net nó go díreach ag multidict.net/multidict. Ach freastalaíonn sé freisin ar gach ceann de na teaglaim teanga atá ar fáil in aonaid foghlama teanga Clilstore. Chomh luath agus a chliceálann úsáideoirí aonaid Clilstore ar fhocail i dtéacsanna atá leabaithe, osclófar comhéadan Multidict in aice le haonad Clilstore, rud a thugann rochtain éasca d'fhoghlaimeoirí ar fhoclóirí. Beidh roinnt foclóirí éagsúla ar líne ar fáil i gcás an chuid is mó den bhreis agus 100 teanga a bhfreastalaíonn Multidict orthu. Mura mbíonn an foghlaimeoir sásta leis an gcéad toradh óna gcuardach (atá déanta acu trí chliceáil ar fhocal i dtéacs atá leabaithe), mar sin, bíonn sé furasta dóibh féachaint ar fhoinsé eile trí í a roghnú ó roghchlár anuas de na foclóirí atá ar fáil nó trí chliceáil ar na deilbhíní foclóra, gan gá a bheith ann leis an téarma cuardaigh a iontráil arís. Freastalóidh Multidict ar chomhairliúchán dátheangach idir péirí teangacha nach bhfuil foclóirí clóite ar fáil ina leith (e.g. Gaeilge na hÉireann go Gaeilge na hAlban).



Fíor 2. Comhéadan saorsheasaimh Multidict.


1. Réimse ina n-iontráiltear an focal.
2. Péirí teangacha: teanga fhoinséach agus sprioctheanga.
3. Rogha foclóirí ar líne. Is féidir iad a roghnú ó roghchlár anuas nó ó dheilbhíní.
4. Comhéadan an fhoclóra roghnaithe ina bhfuil an t-aistriúchán.

Tá sé tábhachtach an foclóir is oiriúnaí don téarma sin a roghnú. Gabhann láidreachtaí agus

laigí le gach foclóir. I gcás nach féidir teacht ar an bhfocal i bhfoclóir ar leith, is féidir foclóir eile a roghnú ón roghchlár anuas nó ó na deilbhíní foclóra.

Wordlink

Is féidir le Wordlink formhór na leathanach Gréasáin a nascadh focal ar fhocal le foclóirí ar líne. Is iad na bogearraí a éascaíonn nascadh uathoibríoch gach focail le téacsanna atá leabaithe in aonaid foghlama teanga Clilstore agus is féidir iad a úsáid freisin mar uirlis saorsheasaimh atá ar fáil ag multidict.net nó go díreach ag multidict.net/wordlink d'fhoghlaimoírí ar mian leo féachaint ar fhoclóirí ar líne de réir mar a léann siad na leathanaigh Ghréasáin.



Fíor 3. Fráma nascleanúna Wordlink.

Nuair a bhítear ag úsáid Wordlink mar uirlis saorsheasaimh chun gach ceann de na focail ar leathanach Gréasáin ar leith a nascadh leis na foclóirí ar líne atá ar fáil ó Multidict, is é an chéad rud nach mór a dhéanamh ná teanga an leathanaigh a roghnú ó roghchlár anuas. Tar a éis sin, ní mór dúinn URL an leathanaigh Ghréasáin ar mian linn nascadh leis a ghreamú isteach sa réimse cuí agus cliceáil ar “Go” (féach an píosa atá aibhsithe i gcuid 1 d’Fhíor 4 thíos). Ligeann sé sin dúinn cliceáil ar cheann ar bith de na focail atá sa téacs agus féachaint ar an bhfocal sin in Multidict (féach an píosa atá aibhsithe i gcuid 3 d’Fhíor 4). Mar is léir dúinn san Fhíor thíos, is é an focal ar cliceáladh air sa téacs ná “considerado”. Aistrítear an fhaisnéis sin go huathoibríoch chuig fráma nascleanúna Multidict, mar is léir dúinn i gcuid 3 d’Fhíor 4. Ar deireadh, taispeántar na hiontrálacha aistrithe i gcomhéadan dúchasach an fhoclóra atá roghnaithe. Sa sampla thíos (an píosa atá aibhsithe i gcuid 4), is é an foclóir atá ar taispeáint ná WordReference.

Toisc nach féidir linn ach aon fhocal amháin a chuardach gach tráth, más mian linn frása, ar nós “look after”, a aistriú, ní mór dúinn an focal/na focail atá in easnamh a chlóschríobh in Multidict.

D’fhonn am a shábháil, is féidir le Multidict cuimhneamh ar cén foclóir a úsáideadh is déanaí agus ar an bpéire teangacha a rabhthas ag obair leo. Is féidir an teanga agus an foclóir a athrú tráth ar bith, áfach.

Ina theannta sin, má chliceálaimid ar nasc laistigh den leathanach gréasáin atáimid tar éis a “iompórtáil”, aistroidh Wordlink an chéad leathanach eile freisin. Más mian linn focal atá hipearnasctha cheana féin a chuardach, is gá dúinn “Remove existing links” a roghnú agus cliceáil ar “Go” (féach an píosa atá aibhsithe i gcuid 1 d’Fhíor 4)



Fíor 4. Leathanach samplach ó Wikipedia atá nasctha le Wordlink. Baineann sé le Miguel de Cervantes, an t-údar Spáinneach.

Sa chuid seo a leanas, feicfidimid conas a úsáidtear Multidict agus Wordlink i gcomhéadan Clilstore do mhic léinn.

Clilstore - Comhéadan an Fhoghlaimeora

Chomh luath agus a thagaimid isteach sa chomhéadan do mhic léinn trí chliceáil ar an tsaighead atá pointeáilte ar “Students” ar www.multidict.net (féach Fíor 1), feiceann foghlaimeoirí an scáileán atá léirithe i bhFíor 9.

I dtús báire, ní mór don foghlaimeoir an teanga ar mian leo í a chleachtadh a roghnú. Déantar é sin tríd an teanga a roghnú ón roghchlár anuas cuí (féach na píosaí atá aibhsithe i gcuid 2 agus i gcuid 3 d’Fhíor 9 thíos). Tar a éis sin, ní mór don foghlaimeoir leibhéal na sprioctheanga dá rogha a roghnú trí chliceáil ar cheann amháin de na roghanna. Má chliceálann siad ar “Any”, is féidir le foghlaimeoir gach ceann de na haonaid atá ar fáil do theanga ar leith a roghnú (féach Fíor 5). Taispeánfar liosta de gach ceann de na haonaid atá ar fáil lena gcleachtadh sa teanga sin ag an spriocleibhéal a bhí roghnaithe.




Fíor 5. Leibhéal inniúlachta teanga mar atá tuairiscithe i gComhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFR).

Chomh luath agus a thaispeántar an liosta aonad ar an scáileán, tugtar tuilleadh faisnéise chun cur síos ar a bhfuil in aonad ar leith. Mar a luadh cheana, tugtar faisnéis ar leibhéal agus ar theideal an aonaid, agus taispeántar deilbhín ina gcuirtear síos ar an gcineál meán atá leabaithe san aonad, i.e. físeán, fuaim nó ceann ar bith. Mar sin féin, má roghnaíonn an foghlaimeoir “Student page – more options” ón roghchlár anuas (féach uimh. 1 i bhFíor 9), taispeánfar roinnt tuairisceoirí eile a ligfidh don foghlaimeoir torthaí a scagadh agus teacht ar aonad ar leith; i.e. an líon focal atá i dtéacs an aonaid agus fad ama an chomhaid mheán. Tá na nithe seo a leanas i measc na roghanna breise scagtha sin:

- Id: Uimhir uathúil aitheantais an aonaid.
- Hits: An líon amharc, a thaispeánann don úsáideoir cé mhéad uair ar baineadh úsáid as aonad.

- Changed: An dáta deireanach a ndearnadh an t-aonad a athrú nó a nuashonrú.
- Owner: An duine a cheap an t-aonad sin.
- Level: Áit ar féidir raon leibhéal ón CEFRL a roghnú, a fhágann go mbíonn sé níos fusa don fhoghlaiméir teacht ar aonaid atá oiriúnach dóibh.
- Title: Focal atá i dteideal an aonaid.
- Text or Summary: Áit ar féidir cuardach a dhéanamh i gcomhair eochairfhocal atá in achoimre nó i dtéacs aonaid ar leith.




Fíor 6. Roghanna scagtha i gcomhéadan Clilstore do mhic léinn.

Rogha scagtha atá an-úsáideach is ea an rogha a ligeann don fhoghlaiméir eochairfhocail a iontráil sa réimse scagtha “Text or Summary”. I bhFíor 8, is léir dúinn go bhfuil aon aonad amháin ina bhfuil an t-eochairfhocal “plug” ann.



Fíor 7. Má iontrálann siad eochairfhocal sa réimse seo, bíonn sé éasca don fhoghlaiméir teacht ar aonad ar leith ina bhfuil an téarma sin.



Fíor 8. Liosta aonad atá le feiceáil tar éis cuardach a dhéanamh i gcomhair eochairfhocail i dtéacs nó in achoimre aonaid ar leith.

Mar is léir dúinn i bhFíor 8, cuireadh aonad amháin atá ar an leibhéal teanga is gá ar fáil mar gheall ar ár gcuardach; i.e. “UK homes are a minefield of electrical hazards”.

Ina theannta sin, is féidir leis an bhfoghlaiméir an liosta a shórtáil de réir ceann ar bith de na roghanna thuasluaite agus is féidir leo ceann ar bith de na colúin faisnéise a fholú trí chliceáil ar an “x” dearg atá in aice leis an deilbhín “sort column”. Ar deireadh, is féidir na réamhroghanna a chur ar ais trí chliceáil ar “Clear All” nó “Restore”.

test4.multidict.net Help About

Clilstore Teaching units for Content and Language Integrated Learning

Students page 1

Select the language you are learning, and your level, from A1 to C2, and click 'Find' to see the available units.

Language	Level	Words	Video	Title	Text or Summary
	min	min	min	contains	7 contains
	max	max	max		
English	B2	692		The art of enduring a grilling	
العربية	A2	93		المولد النبوي	
العربية	A1	69		العشيرة	
العربية	A2	150		رمضان	
العربية	B1	186		التفويض الهجري	
العربية	A2	125		عيد الأضحى	
English	A1	2851		Steven Pinker: What our language habits reveal	
العربية	C1	225		شو ما ربيع العربي؟	
العربية	B2	210		شو راج يعمل طارق قبل النوم؟	
العربية	B2	153		عمو مصطفى رح يروح على حج	
العربية	B2	162		شو كان نعمان يعمل في باريس	
العربية	B2	143		شو عمل نعمان في باريس	
العربية	B2	233		الولد ما بدو يروح ع الروض	
العربية	C1	283		مربية أطفال	
العربية	C1	144		ما فيه حدا بالصف	
العربية	B2	189		عائشه مناجرة	
العربية	C1	115		عيلة سيرة	

Find Clear all

Click to sort, X to hide column [Restore all]

Fíor 9. Radharc ar an gComhéadan do Mhic Léinn, áit ar féidir le húsáideoirí (múinteoirí nó foghlaimeoirí) sraith scagairí a úsáid chun teacht ar aonaid foghlama agus iad sonraithe de réir teanga, leibhéal foghlaimeora (de réir CEFRL), líon focal, fad ama físeáin nó eochairfhocal.

- (1) Roghchlár anuas a fhágann gur féidir nascleanúint a dhéanamh idir an Comhéadan do Mhic Léinn agus an Comhéadan d'Údair
- (2) Déan scagadh de réir theanga fhoinseach an aonaid, i.e. an phríomhtheanga atá in ábhar fuaimne, físe nó téacs an aonaid.
- (3) Déan scagadh de réir leibhéal foghlaimeora, mar atá sonraithe ag údair an aonaid ar aon dul le Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFRL). Ritear an scála ó A1>A2>B1>B2>C1>C2. Cuireann A1 na leibhéil is éasca in iúl, agus baineann C2 leis na leibhéil is deacra.
- (4) Déan scagadh de réir fhad na dtéacsanna atá leabaithe, bunaithe ar an líon focal.
- (5) Déan scagadh de réir fhad ama aon cheann de na comhaid físe atá leabaithe.
- (6) Déan scagadh de réir eochairfhocail atá i dTeideal an Aonaid.
- (7) Déan scagadh de réir eochairfhocal atá in achoimre an údair ar an aonad nó atá i dtéacs leabaithe an aonaid.

Féachaimis go gairid anois ar aonad ar leith chun na roghanna atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí a fheiceáil. Is é a bhíonn sa ghnáthaonad ná comhad meán – úsáidtear seicheamh físe de ghnáth -, script (ina bhfuil gach ceann de na focail nasctha ag Multidict le flúirse foclóirí ar líne) agus naisc le tuilleadh cleachtaí agus ábhair foghlama. I gcuid 2 thíos, déanfaimid cur síos ar roinnt aonad samplach ina léirítear na gnéithe sin.

The screenshot shows a video player on the left and a dictionary on the right. The video player displays a video of Boris Johnson with subtitles. A red circle highlights the word 'quote' in the subtitle. Three red arrows point from this circle to the dictionary entries for 'quote' in the WordReference dictionary. The dictionary shows the word 'quote' with its principal translations: 'quote vtr (repeat the exact words of) citar a vtr + prep', 'quote vtr (give a price estimate) cotizar = vtr', 'quote n (quotation) cita nf', and 'quote n (estimate) bolsa presupuesto nm'.

Fíor 10. An radharc a bhíonn agat ar aonad tar éis é a roghnú agus tar éis cliceáil ar fhocal atá cinnte ag an bhfoghlaiméir.

- (1) Bíonn an teanga fhoinseach léirithe cheana féin ag an údar agus cuireann sé sin Multidict ar an eolas ar cén áit ar chóir dó tosú.
- (2) Is féidir leis an bhfoghlaiméir an teanga ar mian leo cur ar an téarma cuardaigh a roghnú ansin, nó, má roghnaíonn siad Béarla go Béarla, mar shampla, is féidir leo comhairliúchán aonteangach a dhéanamh.
- (3) Is féidir leis an úsáideoir léim go tapa idir foclóirí trí roghchlár anuas na bhfoinsí atá ar fáil a úsáid nó trí chliceáil ar na deilbhíní foclóra. Ní gá dóibh an téarma cuardaigh a athiontráil chun léim idir na foclóirí.

Bogearraí Ceapadóireachta

HOT POTATOES

Tá cuid mhór bogearraí ceapadóireachta ar fáil a éascaíonn déanamh cleachtaí, ach tá cuid mhaith díobh casta agus doiligh a fhoghlaim (in ainneoin na ngeallúintí a thugtar ar an chlúdach!). Tá cuid maith bogearraí ann leis atá costasach agus cuid a ghearrann táille ar na húsáideoirí. Ach ní gá bheith buartha, tá bogearra saor in aisce ar fáil (a fhad is nach ndíolann tú na cleachtaí a dhéanann tú leis) atá furasta a úsáid. Molaimid duit triail a bhaint as an bhogearra Hot Potatoes atá ar fáil le híoslódáil ó: <http://hotpot.uvic.ca/>

Cuireann Hot Potatoes réimse cleachtaí ar fáil. Ón leathanach baile is féidir leat cibé cleachtadh atá de dhíth ort a roghnú:



Níl bealach ar bith níos fearr le dul i dtaithe ar Hot Potatoes ná oibriú tríd an chlár teagaisc a théann leis an chlár. De réir a chéile oibríonn tú tríd na cleachtaí éagsúla is féidir a dhéanamh leis an chlár.

Is féidir Hot Potatoes a chur in oiriúint do theanga ar bith agus é a aistriú go teanga ar bith sa dóigh is go dtabharfar treoracha agus aiseolas sa sprioctheanga.


Má tá tú ag iarraidh triail a bhaint as rudaí atá déanta ag múinteoirí ag úsáid Hot Potatoes breathnaigh ar <http://web.uvic.ca/hrd/hotpot/sites6.php>, mar a bhfaighfidh tú samplaí i dteangacha cosúil le hAraibis, Béarla, Fionlainnis, Fraincis, Gailísis, Laidin, Indinéisís, Iodálais, Fraincis Gheirsí, Gearmáinis, Maorais, Portaingéilis, Sailis, Spáinnis agus Sualainnis.

Is sampla “Video on Demand Resources” de chuid Ashcombe School sa Ríocht Aontaithe de na háiseanna atá ar fáil ó na naisc seo: http://www.ashcombe.surrey.sch.uk/Curriculum/modlang/spanish/index_sp_video.htm. I lár 2006 thairg siad san iomlán: 35 Físeán Fraincise, 23 Físeán Gearmánaise, 16 Físeán Spáinnise agus 8 Físeán Iodáilise. Téann cleachtaí déanta le Hot Potatoes le gach ceacht. Clúdaíonn na físeáin ábhair cosúil le: An Teaghlach agus Cairde, Mé Féin, Fóillíocht/Siamsaíocht, Am Saor, Airgead Póca, An Timpeallacht Áitiúil, Mo Theach agus An Baile, Gnáthchúrsaí an Lae, Oideachas, Ábhair Scoile, Taisteal agus Iompar, Laethanta Saoire agus Turasóireacht, Bia agus Deoch, Siopadóireacht agus Seirbhísí, Saol Slaintiúil, Obair agus Gairmeacha/Pleananna.


Anseo thíos gheobhaidh tú introir an-simplí do na cineálacha éagsúla ceachta is féidir a chruthú le Hot Potatoes.

Quiz ilrogha


Feidhm de chuid JQuiz is ea JBC, feidhm ar féidir a úsáid chun quiz ilrogha a dhéanamh. Is féidir leat oiread ceistanna agus is mian leat a chur isteach sa Quiz, gach ceann acu le líon gan teorainn de fhreagraí féideartha.



Níl le déanamh ach roinnt roghanna a chur isteach. Do gach ceann acu ní mór duit píosa aiseolais a sholáthar le cur in iúl cé acu a bhfuil sé ceart nó nach bhfuil. Má tá níos mó ná freagra amháin ceart is féidir leat a éileamh go bhfuil ar na foghlaimeoirí clliceáil ar na freagraí cearta ar fad.




Seo thíos an chuma atá ar na cleachtaí:




Clár Quizeanna

Is ionann Jquiz agus clár quizeanna a ligeann duit ceisteanna a chur agus freagraí a thabhairt. Tá sé níos deacra ortsa toisc go gcaithfidh tú na freagraí cearta féideartha ar fad a d'fhéadfadh

foghlaimoír a scríobh a shamhlú roimh ré. Mura ndéanfaí sin seans go ndéarfaí le foghlaimoír go bhfuil freagra ceart contráilte!



Tar éis duit teideal a chur leis an cheacht agus an cheist a chur, níl le déanamh ach na freagraí cearta féideartha a chur isteach, agus d'fhéadfadh líon neamhtheoranta díobh sin a bheith ann. Seo an chuma atá ar an toradh:




Is féidir le foghlaimoír leid a iarraidh agus tabharfar an chéad litir cheart eile dóibh.


Soláthraíonn Jquiz roghanna hibríde agus ilrogha fosta.

Ceachtanna abairtí mí-ordaithe


Déanann JMix ceachtanna le habairtí mí-ordaithe atá an-mhaith do thosaitheoirí. Cuirtear roinnt focal roimh an fhoghlaimoír atá le cur san ord ceart acu.



Chun ceacht a dhéanamh caithfidh tú abairt a scríobh isteach san fhuinneog “Main sentence” ach caithfidh tú “Enter” a brú tar éis gach focail. Tá rogha agat ansin abairtí cearta comhroghnacha a iontráil, m.sh. ba chóir go nglacfaí leis an leagan “he is good” chomh maith le “is he good”.




Beidh cuma mar seo ar an cheacht:




Tarraingíonn an t-úsáideoir na focail agus leagann sé san ord ceart iad.

Ceacht Crossfocail

Úsáidtear Jcross le ceachtanna crossfocail a dhéanamh atá an-úsáideach do thosaitheoirí. Tá sé an-simplí ceachtanna mar seo a chruthú ag úsáid Hot Potatoes. Níl le déanamh agat ach na focail atá de dhíth ort a iontráil agus ligint don chlár an eangach a chruthú duit.




D'fhéadfaí rud éigin den chineál seo a chruthú taobh istigh de cúpla nóiméad:




Ceacht Meaitseála (Tarraing agus scaoil)

Is ionann Jmatch agus clár a ligeann duit agus ceachteanna meaitseála a chruthú, rud a oireann do gach d'fhoghlaimoir ar gach leibhéal. Is féidir líon neamhtheoranta de nithe atá le meaitseáil a chur isteach. Is féidir focail NÓ íomhánna a úsáid, mar sin de, tá sé furasta traenalaí foclóra bunaithe ar íomhánna a chruthú!


Sa sampla seo tá sraitheog de chúig threoir chun plocóid leictreach a shreangú.




Cuirtear na nithe éagsúla os comhair an fhoghlaimora agus caithfidh siad iad a tharraingt chuig an áit cheart.




Tá sé rud beag níos casta íomhánna a chur isteach. Ar dtús, caithfidh tú na híomhánna a bheith réidh agat san fhilleán céanna leis na leaganna deiridh de na ceachtanna, caithfidh tú iad a ionsá in ionad téacs. Chun sin a dhéanamh roghnaíonn tú "Insert" sa roghchlár ag an bharr agus roghnaíonn tú "Picture from local file". Roghnaíonn tú an íomhá ansin. Tar éis duit an íomhá a roghnú caithfidh tú cinneadh a dhéanamh faoin mhéid. Ba chóir go raibh an méid céanna sna híomhánna go léir (m.sh. leithead 50 picteilín, airde 50 nó 100 picteilín – tá an méid seo an-oiriúnach):




Cumann an clár cibé cód html atá de dhíth agus cuireann sé an íomhá sa bhosca cúí:



D'fhéadfaí cuma mar seo a bheith ar an cheacht:




Caithfidh an foghlaimoir an téacs a tharraingt chuig an íomhá cheart. Sa sampla seo tá roinnt botún déanta ag an fhoghlaimoir:




Ceacht iomlánaithe


Úsáidtear JCloze le ceachtanna iomlánaithe a chruthú. Má tá dúil agat i gceachtanna iomlánaithe beidh do chroí istigh in Hot Potatoes. Má tá téacs ullmhaithe agat roimh ré glacann sé níos lú ná nóiméad ceacht iomlánaithe a chruthú ag úsáid “Auto-gap”. Dá mba mhaith leat níos mó ama a ghlacadh agus do rogha féin bearnaí a dhéanamh is féidir leat cúpla nóiméad sa bhreis a chaitheamh ina bhun sin.



Ar dtús, cuireann tú teideal leis an cheacht agus tá tú réidh leis an téacs a ghreamú. Nuair atá sin déanta agat cliceáil ar “Clear Gaps” caithfear sin a dhéanamh leis an eolas folaithe a chruthaíonn roinnt próiseálaithe focail a ghlacadh. Anois níl le déanamh agat ach cliceáil ar “Auto-gap” agus insint dó gach cúigiú focal a bhaint amach, mar shampla.



Tar éis 30 soicind oibre de chuid an mhúinteora, tá ceacht cruthaithe a choinneoidh na foghlaimeoirí gnóthacha ar feadh roinnt mhaith nóiméad:



CLEACHTAÍ EILE

Tá bogearraí úsáideacha eile ann ar nós Xerte (<http://www.nottingham.ac.uk/xerte/index.aspx>), Glomaker (<http://www.glomaker.org>) agus Quia www.quia.com/shared/.

An dóigh le do chleachtaí féin ar pháipéar a dhéanamh

Tá uirlisí éagsúla ar fáil don mhúinteoir atá ag iarraidh cleachtaí ar pháipéar a chumadh. Mar shampla, i gcuid mhór de na cineálacha cleachtaidh ar líne a chumtar le Hot Potatoes tá an rogha ann priontáil chomh maith (e.g. na crosfhocail).

Is féidir sraith eile cleachtaí a fháil ag <http://www.thelanguagemenu.com>. Is féidir cuid de na huirlisí atá le fáil ansin a úsáid saor in aisce. Tá seachtain thrialach ann chomh maith má tá tú ag iarraidh na háiseanna agus na huirlisí ardleibhéil a fhéacháil.

Cuid samplaí d'aschur ón Tionscadal Gréasáin

Gabh chuig suíomh gréasáin an tionscadail leis na cineálacha cleachtaidh seo thíos a íoslódáil nó le hoibriú tríothu: <http://eng.teachers.thelanguagemenu.com/>

Gineadóir cluichí boird

Roghnaigh as 3 mhéid, cuir pictiúir leis ón ghailearaí fáisc-ealaíne nó scríobh do chuid téacsanna, ceisteanna nó cleachtaí gramadaí féin, agus lig do do dhaltai bheith ag obair ar a ngramadach nó a stór focal trí chluiche a imirt. Thig leat do spléach-chárta féin le spléach-chártaí a chumadh fá choinne na gcluichí boird leis an ghineadóir cluichí boird, ansin iad a lannú agus a úsáid leis na cluichí.

Tá 3 fhéidearthacht ag baint leis an chumadóir biongó: do chártaí biongó féin a chumadh le pictiúir, pictiúir agus focail a mheascadh nó focail leo féin a úsáid. Roghnaigh méid do chlár biongó de réir do riachtanas féin. Bheir an gailearaí fáisc-ealaíne na céadta féidearthacht fá choinne na huirlise seo. Roghnaigh nó gabh sa tseans. Níl le déanamh ach é a chruthú, comhad pdf a ghiniúint agus é a phriontáil. Leis an chnaipe athnuaite thig leat na pictiúir a athrú i bhfaiteadh na súl.

Cumadóir crosfhocal

Cruthaigh dhá chineál crosfhocail gan mhoill. Bealach furasta is ea iad crosfhocail le stór focal a chleachtadh. Úsáid an stór focal ón ghailearaí fáisc-ealaíne le crosfhocail dhátheangacha a chumadh i gcatagóirí éagsúla.

Cuardach focal

Níl le déanamh ach na focail atá tú ag iarraidh a chur i bhfolach a scríobh isteach, le leideanna nó gan. Cruthaíonn an uirlis bileog oibre le freagraí go tapa agus é réidh le priontáil. Úsáid í leis an ghailearaí fáisc-ealaíne ilteangach.

Líon isteach an spás bán

Cruthaigh do chuid bileoga oibre féin. Deifir ort? Úsáid an bunachar sonraí ina bhfuil na céadta abairt le roghnú.

Cruthaigh do spléach-chártaí féin

Níl le déanamh ach abairt atá tú ag iarraidh a chur ar an spléach-chárta a scríobh isteach, doiciméad pdf a ghiniúint agus é a phriontáil. Más mian leat go mairfidh an t-ábhar ar feadh i bhfad le húsáid arís lannaigh na cártaí. Úsáid an uirlis seo le téamaí comhrá do do rang, druileanna focal dátheangacha nó cártaí eolais a chruthú. Féadfaidh tú pictiúr a roghnú chomh maith ón ghailearaí fáisc-ealaíne agus do théacs féin a chur in aice an phictiúir, ansin é a phriontáil.

Lipéadaigh na pictiúir

Oibríonn sé seo le pictiúir, le leideanna agus/nó freagraí nó gan iad. Foirfe le húsáid go dátheangach chomh maith. Níl le déanamh ach an teanga dhúchais a roghnú agus ligean do na daltaí an stór focal a scríobh isteach sa sprioctheanga.

Gineadóir cleachtaí meaitseála

Úsáid an gineadóir le do bhileoga oibre féin le pictiúir a chruthú, cuir do théacs féin nó focal amháin, go díreach, leo le go ndéanfaidh do dhaltaí an pictiúr a mheaitseáil leis an téacs.

Ilrogha

Cruthaigh do bhileog oibre ilroghnach leis an gineadóir bileog oibre. Scríobh do cheist agus tabhair rogha freagraí agus cruthaigh doiciméad pdf. Ní ghlacann sé ach bomaite. Úsáid seo fá choinne druileanna stóir focal, cleachtaí dátheangacha, mínithe, mata, bileoga ceisteanna agus freagraí etc.

Focail ar iarraidh

Cuir téacs sa gineadóir cleachtaí focail ar iarraidh, roghnaigh minicíocht na bhfocal ar iarraidh, socraigh méid an chló agus priontáil do chomhad pdf agus tá an bhileog oibre réidh le húsáid. Anois tá téacs agat le focail ar iarraidh agus bosca beag focal ar féidir an focal ceart a phiocadh as.

Focail scoilte

Scoilt na focail ina dhá leath, lig do do dhaltaí iad a chur ar ais le chéile, le leideanna nó gan. Ar dóigh le réimíreanna agus iarmhíreanna a chleachtadh, go go díreach le bheith ag obair ar stór focal. Scríobh an focal ina dhá chuid, cuir isteach leid más mian leat, agus priontáil do chomhad pdf. Furasta a dhéanamh.

Creatlach

Úsáid an uirlis seo nuair atá tú ag iarraidh go líonfaidh do dhaltaí focail isteach sa chreatlach, pictiúir nó focail a roghnaíodh ón ghailearaí fáisc-ealaíne. Scríobh na focail isteach tú féin. Is féidir a úsáid do dhaltaí dátheangacha chomh maith leis na leideanna a aistriú. Roghnaigh an gnáthshocrú nó cúlra dubh. Féadfaidh freagraí a phriontáil chomh maith.

Abairtí measctha

Scríobh abairt agus priontáil doiciméad pdf. Meascann an gineadóir an abairt agus tá bileog oibre réidh agat do do dhaltaí le hord focal a chleachtadh. Chomh furasta le haon, dó, trí.

Casfhocal

Oibríonn an casfhocal an bealach céanna is a oibríonn an crosfhocal, ach casann an clár na cearnóga timpeall ar a chéile. Féadfaidh tú casfhocal a chruthú ina bhfuil an chéad fhocal agus an focal deiridh ceangailte le chéile. Uirlis is ea é ar féidir a úsáid go dátheangach chomh maith.

Línte

Uirlis é seo le cleachtaí scríofa a chumadh do do dhaltaí. Úsáid do chuid focal féin, roghnaigh focail nó pictiúir ónár ngailearaí fáisc-ealaíne agus iarr ar do dhaltaí a mhíniú cad é dó a n-úsáidtear na rudaí seo, cad é mar a úsáidtear iad, abairt a scríobh fán fhocal, comhchiallaigh an fhocail a chur isteach. Tapa agus furasta do gach leibhéal.

Leis na hacmhainní seo a fhéacháil gabh chuig: <http://www.thelanguagemenu.com> nó <http://eng.teachers.thelanguagemenu.com/>

Foghlaim Teangacha Ríomhchuidithe mar chuid den Foghlaim Thascbhunaithe.

Cén fáth an Foghlaim Thascbhunaithe?

Is iomaí duine atá ag tabhairt tacaíochta do mhodh oibre TBL (foghlaim thascbhunaithe) le deich mbliana anuas. Is féidir cur síos ar an mhodh oibre mar athrú ó bhonn ar theagasc teangacha, athrú ón pharaidím iompraíoch CCC (cuir i láthair, cleacht agus cuir ar fáil) go cur chuige fomhlaimeoirdhírithé - an pharaidím Foghlama Tascbhunaithe. Sa mhodh CCC, is é an aidhm atá ann foirm nó struchtúr faoi leith a chur i láthair, tabhairt ar na foghlaimeoirí an fhoirm seo a chleachtadh agus ina dhiaidh sin roinnt abairtí a chumadh leis an fhoirm faoi leith. Leis an chur chuige seo bíonn an teagasc teanga iontach druidte agus righin mar a mbíonn smacht leanúnach ag an mhúinteoir ar an méid a dhéanann agus ar an méid a deir foghlaimeoirí. Anseo, bíonn an múinteoir ag obair taobh istigh de chreatlach ina mbíonn freagraí na bhfoghlaimeoirí ceart nó contráilte i dtaca leis an fhoirm a theagactar dóibh. Mar shampla, muna mbíonn an freagra a thugann na foghlaimeoirí ag teacht leis an fhoirm a theagascann an múinteoir, déarfad go bhfuil na freagraí contráilte in ainneoin gurbh abairt cheart Bhéarla a bheadh ann ach gan an fhoirm nó an focal ceart a bheith in úsáid.

Is féidir go bhfiafrófá duit féin cén fáth a bhfuil sé tábhachtach bheith eolach ar an mhodh CCC. Trí chomparáid a dhéanamh idir an dá mhodh, is féidir linn na buntáistí a bhaineann leis an Foghlaim Thascbhunaithe a léiriú. Go bunúsach, is ceist chreidimh atá ann agus má chreideann tú san fhoghlaim thascbhunaithe creideann tú gur próiseas nádúrtha saor ó smacht atá i bhfoghlaim teangacha. De réir Peter Skehan (a theagascann na cláir MA agus MPhil/PhD ag Ollscoil Thames Valley, Londain):

“Teaching does not and cannot determine the way the learner’s language will develop. The processes by which the learner operates are “natural” processes. Teachers and learners cannot simply ‘choose’ what is to be learned. To a large extent the syllabus is ‘built in’ to the learner.” (Jane and Dave Willis, eds., *Challenge and Change in Language Teaching* (Hong Kong: Macmillan Publishers Limited, 1998), p. 19).

Is iomaí leabhar agus alt atá scríofa ar an mhodh foghlama tascbhunaithe agus ar an mhodh CCC araon. Seo an méid a deir Michael Lewis, údair roinnt leabhar foinseach, faoin mhodh CCC:

“A paradigm based on, or remotely resembling, Present-Practice-Produce (PPP) is wholly unsatisfactory, failing as it does to reflect either the nature of language or the nature of learning.

The fact is the PPP paradigm is, and always was, nonsense.” (Jane and Dave Willis, eds., *Challenge and Change in Language Teaching* (Hong Kong: Macmillan Publishers Limited, 1998), p.17).

Is iomaí argóint eile atá ann i measc scoláirí difriúla agus múinteoirí teanga in éadan úsáid an mhodha CCC. Tá cuid de na hargóintí is cumhachtaí cosúil le hargóint Peter Skehan, a mhaíonn:

“the PPP method enables the teacher to orchestrate classroom behaviour, ie to use a maintaining authority, ie by using the bundled techniques to show to students exactly who is in charge.”

“a belief that learners will learn what is taught in the order in which it is taught” (ibid, p. 17)

“PPP has served to perpetuate a comfortable position for teachers and for teacher trainers”

Fáth eile ar fiú meabhrú ar an mhodh CCC gurb é an modh is mó úsáid ar fud an domhain i dtaca le teagasc teangacha de le caoga bliain anuas; agus baineann cuid mhór múinteoirí teanga agus cuid mhór scríbhneoirí téacsleabhar úsáid as go fóill.

Amharcaimis, áfach, ar chuid de na hargóintí ar son na foghlama tascbhunaithe. Mar a léiríonn ainm an mhodha, tá an modh oibre bunaithe ar fhoghlaim teangacha trí thascanna difriúla a úsáid chun beocht, spontáineacht agus aonánacht a thabhairt isteach sa seomra ranga - go hachomair a bheith ag foghlaim trína bheith ag déanamh. Is é an aidhm atá leis an mhodh tascbhunaithe go mbíonn próiseas inmheánach ar leith foghlama ag gach foghlaimeoir agus é ag obair ar thascanna difriúla le foghlaimeoirí eile. Is é an post is tábhachtaí atá ag an mhúinteoir an t-ábhar teagaisc agus na tascanna a sholáthar agus atmaisféar suaimhneach a chruthú sa seomra ranga.

Thiocfadh le seicheamh foghlama tascbhunaithe bheith bunaithe ar chlár ama a chruthú don tseachtain.

Am	Dé Luain	Dé Máirt	Dé Céadaoin	Déardaoin	Dé hAoine
Maidin					
Meánlae					
Iarnóin					
Tráthnóna					

Thiocfadh tascanna tosaigh, scríofa agus cainte, a chur ar bun, ag tabhairt buneolais ar laethanta na seachtaine, ar amanna an lae, ar nathanna faoi leith etc. etc. Tabharfaidh na tascanna tosaigh bunús focal agus nathanna don fhoghlaimeoir le húsáid mar is toil leis/léi féin agus é/í ag dul ar aghaidh chuig tascanna eile. Sa chás seo, thiocfadh go mbeadh, i ndiaidh na dtascanna tosaigh, tasc inar gá don fhoghlaimeoir clár ama a líonadh isteach bunaithe ar a shaol féin. Bheadh an clár ama seo mar bhunús do thasc cainte, ina gcuireann beirt fhoghlaimeoirí ceisteanna ar a chéile faoina gláir ama. Mar shampla: “Cad é a dhéanann tú tráthnóna Dé Máirt” agus mar sin de.

Níor cheart don mhúinteoir cur isteach ar an chumarsáid idir an bheirt sa tasc, ach amháin má iarrann siad cuidiú nó má bhíonn oscailt nádúrtha ann don mhúinteoir. Ní mór don mhúinteoir bheith ag éisteacht agus ag breathnú agus fanacht chun tráchtairachtaí teanga agus pointí fócais a thabhairt an uair a bhíonn an tasc déanta ag gach duine sa rang. Is céim iontach tábhachtach í seo. Anseo ní mór don mhúinteoir bheith ina chatalaíoch do phróiseas fócasaithe teanga agus é de chuspóir aige na foghlaimeoirí a chur ar an eolas faoi na hábaltachtaí foghlama atá acu chomh maith le roinnt castachtaí teanga - próiseas a thógann comhfhios nó a thugann deimhniú ar na ceisteanna nó ar na barúlacha a bhíonn ag na foghlaimeoirí ar fad. Go follasach, tugann seo ról iomlán nua don mhúinteoir, a fhágann nach dtig leis/léi seicheamh foghlama teanga a phleanáil roimh ré. Seo an méid a deir Michael Lewis faoi theagasc teangacha agus faoin fhoghlaim thascbhunaithe:

“Language is successfully acquired only when it is available for spontaneous, personal use with other people”. (Jane and Dave Willis, eds., *Challenge and Change in Language Teaching* (Hong Kong: Macmillan Publishers Limited, 1998), p. 13).

“The teacher helps students make explicit their perceptions of similarity and difference...helps them to correct, clarify and deepen those perceptions”. (*ibid* p.15)

“The teacher’s primary role is the selection of materials and tasks and the creation of an appropriate atmosphere”. (*ibid* p.15)

Is ríthábhachtach gan dearmad a dhéanamh ar an próiseas tógála comhfheasa nó gan bacadh leis ar chor ar bith nó is próiseas é ba chóir bheith ann ag deireadh gach tasc nó ag deireadh gach seicheamh tasc. Is anseo is féidir leis an fhoghlaimoir ceisteanna a chur nó barúlacha a thabhairt i dtaca leis an obair ar na tascanna. Is anseo is gá don mhúinteoir cuidiú a thabhairt do na foghlaimeoirí a gcuid oibre féin a léiriú leis an teanga a bhí in úsáid ag an fhoghlaimoir aonarach sa tasc. Ní mór don mhúinteoir monatóireacht agus ceartú a dhéanamh ar mheancóga teanga agus aird na bhfoghlaimeoirí a dhíriú ar chastachtaí teanga. Is é an rud is tábhachtaí ar gá cuimhneamh air ag an pointe seo go bhfuil an próiseas deimhnithe bunaithe ar bharúlacha agus ar mhachnamh na bhfoghlaimeoirí.

Post tábhachtach eile atá ag an mhúinteoir, más mian leis/léi go mbeidh rath ar na tascanna, ná míniú mar is ceart a thabhairt ar an dóigh leis an tasc a chur i gcrích. Muna mbíonn go leor fócais nó eolais ann seo, is féidir go gcuirfidh roinnt foghlaimeoirí a gcuid fuinnimh amú ag iarraidh a fháil amach cad é mar a chuirtear an tasc i gcrích in áit bheith ag díriú isteach ar an ghníomhaíocht foghlama teanga í féin. Is amhaidh seo, go háirithe le buntosaítheoirí nó le foghlaimeoirí nach bhfuil eolach ar an an mhodh tascbhunaithe.

Ní doiligh an fhoghlaim thascbhunaithe a úsáid le foghlaimeoirí ag an bhunleibhéal, ach ní mór bheith ar an eolas gur gá cuid mhór samplaí den teanga úr a thabhairt d’foghlaimeoirí, ar mheáin dhifriúla, lena n-áirítear téacs, fuaimanna agus pictiúir, a fhad agus go mbíonn siad sothuigthe i gcónaí. Is ríthábhachtach nach mbeadh na tascanna róchasta agus go mbeadh siad simplí ó thaobh struchtúir de. Ar a bharr seo, ba cheart do na tascanna díriú isteach ar rudaí agus ar thopaicí atá coitainta agus so-aitheanta ag foghlaimeoirí úra. Tá liosta áisiúil tosaíochtaí curtha le chéile ag Jane Willis don mhúinteoir:

- atmaisféar suaimhneach saor ó bhuaireamh a chruthú sa seomra ranga
- cuid mhór teagmhála a chur ar fáil ina bhfuil teanga a mbeadh foghlaimeoirí ábalta ciall de shórt éigin a bhaint asti

- tógáil a dhéanamh ar an mhéid atá ar eolas acu gan bheith ag dréim leo bheith foirfe
- gan bheith ag tabhairt orthu labhairt amach ag an tús munar mian leo
- iad a chur ar a suaimhneas i dtaca leis an dul chun cinn atá siad a dhéanamh agus ag iarraidh bheith ag cothú na muiníne iontu

(Jane Willis, A Framework for Task-Based Learning (Malaysia: Longman, 2000), p. 118)

Baineann Willis úsáid as téarmaí dála “pre-task, task cycle and language focus”. (ibid, lth. 52). Sa chaibidil ar an Fhoghlaim Thascbhunaithe, tá cur síos iomlán ar an mhúnla s’aici.

Sa sampla seo a leanas cuirfimid seicheamh foghlama i láthair ina ndéanaimid iarracht smaointe na foghlama tascbhunaithe a chomhcheangal le cuid smaointe CALL. Feidhmeoidh na cleachtaí CALL mar thascanna tosaigh, a bhfuil sé d’aidhm acu stór focal a thógáil le haghaidh na dtascanna cainte agus scríofa a thiocfaidh ina ndiaidh.

Tasc Samplach “An plocóid sreangaithe”



Sa cheacht seo, úsáidtear an fhoghlaim ríomhchuidithe teanga chun cuidiú le foghlaimeoirí sainfhoclóir bunaithe ar théarmaíocht theicniúil a shealbhú. Foghlaimeoidh na mic léinn faoin dóigh le treoracha a thabhairt fosta, scil atá riachtanach sa ghairmoideachas.

Tá na hábhair agus físeáin don cheacht seo ar fáil sa Bhaiscís, sa Danmhairgis, san Ollainis, sa Bhéarla, sa Ghaeilge, sa Ghearmainis, sa Rómáinis agus sa Spáinnis.

D’oirfeadh an plean ceachta seo do réimse leathan foghlaimeoirí, beag beann ar an speisialtacht s’acu toisc gur féidir cuid mhaith de na treoracha a úsáid i gceirdeanna éagsúla.

Tacaíonn na hábhair ceachta le dhá leibhéal; bunleibhéal agus meánleibhéal. Trí úsáid a bhaint as na hábhair ilmheáin is féidir freastal a dhéanamh ar leibhéal chumais éagsúla sa rang céanna.

Liosta áiseanna:

- a. Plocóidí leictreacha; is fearr má tá plocóidí Briotanacha ar fáil toisc go bhfuil siad níos coimpléascaí, ach is féidir plocóidí eile a úsáid.

b. Sreang sholúbtha

c. Scriúirí

d. Gearrthóirí sreinge

e. Scamaire sreinge (déanfaidh gearrthóirí sreinge mura bhfuil siad seo ar fáil)

Plean Ceachta

1. Faigheann na foghlaimeoirí intreoir do na hábhair ríomhchuidithe teanga, sa chas seo clár idirlíon-bhunaithe le físeán, téacs agus ceachtanna:


<http://www.languages.dk/online/en/plug.htm>

2. Oibríonn na foghlaimeoirí tríd na hábhair idirlíon-bhunaithe ag déanamh na gcleachtaí a théann leo:




The screenshot shows a Windows Internet Explorer browser window. On the left, there is a video player titled "Writing a Plug" with a play button and a progress bar. Below the video, there is text explaining that this is a typical British thirteen-amp plug and providing instructions on how to wire it. On the right, the Oxford Advanced Learner's Dictionary search results for "plug" are displayed, including a list of related terms and a definition: "1 a small plastic object with two or three pins that fits into the main supply of electricity".

Féach ar an fhíseán a thugann treoracha faoin tsíl le plocóid Bhriotanach a shreangú. Léigh an téacs le linn duit éisteacht leis an fhíseán. Clíceáil ar 'next' nuair atá tú réidh.




The screenshot shows a web browser window displaying a "Vocabulary Matching exercise". The instruction is "Match the items on the right with the items on the left." Below this, there is a "Check" button and a list of five items on the left: a wire, a fuse, a strap, a screw, and a plug. To the right of these items is a list of five labels: Wire, Fuse, Strap, Screw, and Plug.


Meaitseáil na lipéid leis na híomhanna chun an téarmaíocht theicniúil a fhoghlaim.



Comhlánaigh an crosfhocal a bhfuil an téarmaíocht theicniúil ann.



Comhlánaigh an ceacht iomlánaithe ó théacs an fhíseáint.



Comhlánaigh an cheacht 'seicheamh as ord' chun treoracha a dhéanamh

3. Nuair atá an obair críochnaithe ag na mic léinn ar na ríomhairí, ag cuimhniú nach gcaithfidh siad go léir críochnú ag an am céanna, faigheann siad leagan téacs de na treoracha céanna. Is féidir na téacsanna a íoslódáil ó <http://www.languages.dk/methods/materials.html>

4. Oibríonn na foghlaimeoirí i bpéirí; tugann foghlaimeoir A treoracha d'fhoghlaimeoir B faoin tslí le plocóid Bhriotanach a shreangú. Tá cead ag foghlaimeoir B cuidiú le foghlaimeoir A leis an teanga, ach ní féidir leo rud ar bith a dhéanamh nach n-iarrann foghlaimeoir A orthu. Is féidir an téacs a úsáid mar chúltaca, ach ba chóir do na foghlaimeoirí gach iarracht a dhéanamh sin a sheachaints.



5. Malartaíonn na foghlaimeoirí rólanna agus déanann siad an ghníomhaíocht thuas arís

Deireadh leis an réamhthasc